An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

## Ráiteas Cláir

2023

# Clár an Ábhair


IARTHÉACS LE RÁITEAS CLÁIR NA HARDTEISTIMÉIREACHTA FEIDHMÍ (ATF) ..... 1

Réamhrá ..... 1

Rochtain ar ATB sa Mhatamaitic ..... 1

Rochtain ar nuatheanga iasachta Ardteistiméireachta ..... 2

BROLLACH ..... 4

Tabhair faoi deara: ..... 5

RÁITEAS CLÁIR NA HARDTEISTIMÉIREACHTA FEIDHMÍ ..... 6

1. Tréithe agus Formáid na hArdteistiméireachta Feidhmí ..... 6

2. Modheolaíochtaí Tacaíochta Scoile, Eagrúcháin agus Teagaisc ..... 7

3. Riachtanais an Chláir ..... 9

4. Measúnú agus Teastasú ..... 11

Leithdháileadh Creidiúintí ..... 12

Creidiúintí le haghaidh Cur i gcrích Modúl ..... 13

Creidiúintí as Tascanna Scoláire ..... 13

Creidiúintí as Scrúduithe Deiridh ..... 13

Cáiliúchán na hArdteistiméireachta Feidhmí ..... 13

BREAC-CHUNTAS AR THASCANNA SCOLÁIRE CUID 1: CEISTEANNA COITIANTA ..... 15

Réamhrá ..... 15

Ceisteanna Coitianta ..... 15

BREAC-CHUNTAS AR THASCANNA SCOLÁIRE CUID 2: SONRAÍOCHTAÍ TAISC ..... 21

Sonraíochtaí Ardteistiméireachta Feidhmí le haghaidh na dTascanna Oideachais Ghinearálta, Ullmhúchán don Obair agus Gairmoideachais ..... 21

Measúnú ..... 22

**Sonraíocht Ardteistiméireachta Feidhmí le haghaidh Thasc na Ceiste Comhaimseartha** ........................26

**Measúnú** ........................................................................................................................................29

**Sonraíocht Ardteistiméireachta Feidhmí le haghaidh an Taisc Gnóthachtála Praiticiúla** .........................33

**Measúnú** ........................................................................................................................................36

**BREAC-CHUNTAS AR THASCANNA SCOLÁIRE CUID 3: NA CÚIG PHRÍOMHCHÉIM DEN PHRÓISEAS TAISC SCOLÁIRE** ............................................ 40

**Na Cúig Phríomhchéim den Phróiseas Taisc Scoláire**.........................................................................40

**Tasc Machnaimh Phearsanta: Machnamh ar an bhfoghlaim - roinnt príomhcheisteanna** .......................48

**Tasc Machnaimh Phearsanta: Machnamh a dhéanamh ar an nGné Ghairme – roinnt príomhcheisteanna** ...................................................................................................................49

# Iarthéacs le Ráiteas Cláir na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF)

## Réamhrá

Ar an 29 Márta 2022, d'fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley, TD, pleananna le haghaidh oideachas Sraithe Sinsearaí athshamhlaithe do scoláirí iar-bhunscoile – Cothromas agus Sármhaitheas do Chách, mar a mbeadh áit chroí-lárnach ag an scoláire ina thaithí sa tSraith Shinsearach féin.

I gcomhthéacs an chláir ATF, fógraíodh go gcuirfí le roghanna an scoláire trí rochtain ar Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB) sa Mhatamaitic agus sna Nuatheangacha Iasachta a chur ar fáil ó mhí Mheán Fómhair 2022 i leith.

Is ionann an t-iarthéacs seo agus leasú ar agus forlíonadh le Ráiteas Cláir na hArdteistiméireachta Feidhmí lena ligean do scoláirí atá ag tabhairt faoin gclár ATF rochtain a fháil ar ATB sa Mhatamaitic agus/nó i Nuatheanga Iasachta.

## Rochtain ar ATB sa Mhatamaitic

Tá dhá rogha rochtana ar fáil do scoláirí atá ag tabhairt faoin gclár ATF ar mian leo staidéar a dhéanamh ar Mhatamaitic ATB.

### Rogha 1: Staidéar a dhéanamh ar Mhatamaitic ATB in áit Feidhmeanna Matamaiticiúla ATF

Féadann scoláirí staidéar ar Mhatamaitic ATB in áit Feidhmeanna Matamaiticiúla ATF a roghnú. Sa chás ina roghnódh scoláire staidéar a dhéanamh ar Mhatamaitic ATB amháin, is teistiúchán aonair fós a bheidh sa chlár ATF aige, a dhéanfar ar bhonn 190 creidiúint, seachas 200 creidiúint, agus gheobhaidh an scoláire torthaí an scrúdaithe Matamaitice ATB mar theastas ar leithligh.

#### Taifead de Chur i gCrích Sásúil

Sa chás ina ndéanfadh scoláire staidéar ar Mhatamaitic ATB amháin, beidh air tasc machnaimh a chur i gcrích ag deireadh gach seisiúin den chlár ATF le go bhfaighidh sé fós creidiúintí dá thaifead de chur i gcrích sásúil in ionad na gcreidiúintí a ghnóthódh sé ó chur i gcrích na n-eochairchleachtaí agus tinreamh sásúil a bheith aige. Is féidir na riachtanais mhachnaimh a fháil anseo.

**An Scrúdú Deiridh**

Sa chás ina roghnódh scoláire staidéar a dhéanamh ar Mhatamaitic ATB in áit Feidhmeanna Matamaiticiúla ATF, beidh air grád 7 nó níos mó a bhaint amach sa scrúdú deiridh, ag aon leibhéal ar bith i Matamaitic ATF, le go mbronnfar an teistiúchán ATF bunaithe ar 190 creidiúint.

Sa chás ina ndéanfadh scoláire Matamaitic ATB agus go mbronnfaí grád 8 air ag leibhéal ar bith, nó nach ndéanfadh sé scrúdú Matamaitice ATB, beidh an teistiúchán ATF bunaithe ar 200 creidiúint.

### Rogha 2: Staidéar a dhéanamh ar Mhatamaitic ATB de bhreis ar Fheidhmeanna Matamaiticiúla na hArdteistiméireachta Feidhmí

Féadann scoláirí an rogha a dhéanamh tabhairt faoi chlár staidéir ATF na bhFeidhmeanna Matamaiticiúla agus ansin cur isteach ar scrúdú deiridh na Matamaitice ATB.

**Taifead de Chur i gCrích Sásúil**

In aon seisiún ar bith, beidh cead ag scoláirí creidiúint a éileamh as an modúl Feidhmeanna Matamaiticiúla ATF bainteach a chur i gcrích nó as an leibhéal iomchuí rannpháirtíochta leis an gcúrsa Matamaitice ATB, ach ní as an mbeirt. Nuair a roghnaíonn scoláire staidéar a dhéanamh ar Mhatamaitic ATB agus ar Fheidhmeanna Matamaiticiúla ATF araon, cuirfear é isteach ar na creidiúintí as cur i gcrích Fheidhmeanna Matamaiticiúla ATF amháin.

**An Scrúdú Deiridh**

Má dhéanann scoláire Matamaitic ATB agus Feidhmeanna Matamaiticiúla ATF, beidh an teastasú aige bunaithe ar 200 creidiúint agus déanfar é a theistiú do Mhatamaitic ATF ar leithligh.

## Rochtain ar nuatheanga iasachta Ardteistiméireachta

Féadann scoláirí an rogha a dhéanamh staidéar a dhéanamh ar nuatheanga iasachta AT, ach beidh sé seo de bhreis ar an gclár ATF. Beidh ar scoláirí gach obair a bhaineann leis an nuatheanga Eorpach ATF a chur i gcrích, lena n-áirítear an scrúdú deiridh a dhéanamh.

Sa chás ina mbeadh nuatheanga Eorpach ar tairiscint ag scoil mar mhodúl roghnach faoina clár ATF, ní mór don scoláire an modúl roghnach a chur i gcrích beag beann ar pé acu atá sé ag tabhairt faoi scrúdú Ardteistiméireachta sa teanga sin nó in aon teanga eile.

Sa chás ina mbeadh díolúine ag scoláire ó staidéar ar nuatheanga Eorpach mar ghné den chlár ATF, ní bheidh cead aige tabhairt faoi scrúdú Ardteistiméireachta in aon nuatheanga iasachta, diomaite de scrúdú ina theanga dhúchais féin.

**An Scrúdú Deiridh**

Beidh ar scoláirí atá ag tabhairt faoin gclár ATF agus a roghnaíonn rochtain a fháil ar nuatheanga iasachta AT gach comhpháirt measúnaithe de na scrúduithe Ardteistiméireachta agus de na scrúduithe ATF sa nuatheanga Eorpach a chur i gcrích.

Déanfar scoláirí a theistiú don nuatheanga Eorpach ATF mar chuid de chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí agus a theistiú ar leithligh as an nuatheanga iasachta AT.

# Brollach

Is í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a d'fhorbair clár na hArdteistiméireachta Feidhmí. Baineann an clár seo le soláthar leathnaithe na sraithe sinsearaí, rud a dearadh le freastal ar éagsúlacht na riachtanas a bhíonn ag rannpháirtithe.

Is é an cuspóir bunúsach atá leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach ná rannpháirtithe na hArdteistiméireachta a ullmhú don aistriú ó shaol na scoile go saol an duine fhásta agus saol na hoibre. Tá an t-aistriú seo casta agus dúshlánach, ar éagsúlacht de chúiseanna:

- tá na patrúin, agus na cáilíochtaí, inniúlachtaí agus scileanna pearsanta a bhíonn ag teastáil san áit oibre tar éis athrú
- fanann rannpháirtithe níos faide san oideachas foirmiúil agus san oiliúint anois ná roimhe seo agus is faide freisin tréimhse an aistrithe
- de bhreis ar na dúshláin ó thaobh an oideachais, na hoiliúna agus na fostaíochta de, bíonn ceisteanna bainteacha sóisialta, pearsanta agus cultúrtha le láimhseáil ag rannpháirtithe chomh maith.

Tá sé riachtanach go n-aithneofaí buanna gach aon rannpháirtí Ardteistiméireachta agus go dtabharfaí deis dóibh forbairt a dhéanamh i dtaca le freagracht, féinmheas agus féin-aithne. Ba cheart go bhforbródh rannpháirtithe scileanna cumarsáide agus cinnteoireachta freisin le go sealbhóidh siad cur chuige níos neamhspleáiche fiontraí i leith na foghlama agus an tsaoil.

Tógadh ceisteanna roimhe seo faoi oiriúnacht na hArdteistiméireachta (Bunaithe) chun freastal ar riachtanais gach rannpháirtí Ardteistiméireachta. Ar mhaithe leis an gcomhionannas, tá sé tábhachtach go ndéanfaí freastal ar riachtanais éagsúla na rannpháirtithe ag céim iar-éigeantach an oideachais. Tá an Ardteistiméireacht Fheidhmeach tar éis éabhlóidiú ó thionscadail forbartha curaclaim a bhí dírithe ar na roghanna teicneolaíocha/gairmiúla a neartú agus ar fhorbairt na scileanna pearsanta ag an tsraith shinsearach.

Dírítear an Ardteistiméireacht Fheidhmeach ar riachtanais agus spéiseanna na rannpháirtithe, ag úsáid éagsúlacht de mhodheolaíochtaí, ag baint uastairbhe as acmhainní an phobail áitiúil agus ag tabhairt aird faoi leith ar riachtanais an réigiúin áitiúil. Is gá a aithint go mbíonn difríochtaí suntasacha ann ó dhuine go duine sna bealaí a bpróiseálann siad eolas, a ndéanann siad a gcuid féin de agus a ndéanann siad é a aisghairm.
Is ionann an Teastas Sóisearach agus an bhunchloch faoin bhforbairt seo agus ceist thábhachtach ar gá breithniú uirthi ó thaobh na treorach de, is ea leanúnachas ón gclár seo.

Le húsáid modheolaíochtaí don teagasc agus don fhoghlaim ghníomhach ar fud an churaclaim, cuirtear chun cinn na cáilíochtaí sin atá buntábhachtach chun duine a fhorbairt ag a mbeadh dearcadh fiontraíoch: féinmhuinín, freagracht, comhoibriú, obair foirne, fadhbréiteach, neamhspleáchas, cinnteoireacht, treallús. Leis an taithí oibre agus an t-ionsamhlú oibre, soláthraítear deis thábhachtach chun na cáilíochtaí seo a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt a thuilleadh.

Chun an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a chur i bhfeidhm go héifeachtach, teastaíonn tacaíocht ghníomhach ón bpríomhoide, ó lucht na hardbhainistíochta agus ón scoil go léir mar eagraíocht.

## Tabhair faoi deara:

Ar feadh an leabhair seo, déantar tagairt do mhúinteoirí, scoláirí agus scoileanna. Tá an clár seo i bhfeidhm freisin i gcineálacha eile d'ionaid oideachais amhail ionaid Ógtheagmhála. Ba cheart na focail teagascóirí, foghlaimeoirí agus ionaid a chur isteach in áit múinteoirí, scoláirí agus scoileanna dóibh sin atá ag léamh an téacs ón taobh seo de.

# Ráiteas Cláir na hArdteistiméireachta Feidhmí

## 1. Tréithe agus Formáid na hArdteistiméireachta Feidhmí

### Prionsabail Bhunúsacha

i. Is éard is príomhchuspóir léi ná ullmhúchán na rannpháirtithe do shaol an dhuine fásta agus saol na hoibre agus forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta rannpháirtithe

ii. Ceaptha le bheith ag freastal ar riachtanais na rannpháirtithe sin nach ndéantar freastal leorga orthu le cláir Ardteistiméireachta eile nó a roghnaíonn gan a leithéid de chláir a dhéanamh

iii. Is clár faoi leith neamhspleách í a mhaireann dhá bhliain

iv. Cuimsíonn sí trí phríomhghné: Ullmhúchán don Obair; Gairmoideachas; Oideachas Ginearálta.

v. Tar éis coincheap an chomhtháthaithe a bhunú mar ghné lárnach de struchtúr an chláir agus de thaithí foghlama rannpháirtithe

vi. Cuireann béim mhór ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta rannpháirtithe

vii. Is éard is aidhm léi saoránaigh ghníomhacha a fhorbairt ag a mbeadh braistint mhuintearais leis an bpobal áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus domhanda mar aon le hacmhainneacht rochtain a fháil ar fhaisnéis agus struchtúir agus cumas lánpháirt a ghlacadh i sochaí dhaonlathach

viii. Soláthraíonn deiseanna chun próisis féinmheastóireachta agus mhachnaimh rannpháirtithe a fhorbairt

ix. Tá bonn láidir pobail aici, rud a chomhlánaíonn an scoil nó an t-ionad mar láthair foghlama

x. Cuireann chun cinn réimse leathan de mhodheolaíochtaí teagaisc agus foghlaim rannpháirtí-lárnach

xi. Cuimsíonn réimse iomchuí de mhodhanna agus teicnící chun dul chun cinn na rannpháirtithe a mheasúnú

xii. Soláthraíonn rochtain ar bhreisoideachas agus oiliúint

### Gnéithe den Chlár

Maireann an clár dhá bhliain agus tá trí phríomhghné ag baint leis

- Ullmhúchán don Obair
- Gairmoideachas

- Oideachas Ginearálta

Soláthraítear réimse de chúrsaí laistigh de gach ceann de na trí ghné seo.

### Prionsabail an Dearaidh Cúrsa

Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn faoi dhearadh na gcúrsaí seo

- Cuimsíonn na cúrsaí modúil ghearra neamhspleácha
- Tá na Tascanna Scoláire le húsáid mar bhealach le cúrsaí a chomhtháthú
- Forchéimniú ó Bhliain 1 go Bliain 2
- Solúbthacht ag scoileanna laistigh den soláthar foriomlán náisiúnta

## 2. Modheolaíochtaí Tacaíochta Scoile, Eagrúcháin agus Teagaisc

### Tacaíocht Scoile

D'fhonn clár na hArdteistiméireachta Feidhmí a sholáthar go héifeachtach, is é a theastaíonn ó scoil

- Tiomantas agus tacaíocht ghníomhach ó lucht bainistíochta, ón bpríomhoide agus ón bhfoireann ar fad
- Cumarsáid éifeachtach idir lucht bainistíochta, an fhoireann, rannpháirtithe, tuismitheoirí/caomhnóirí i dtaca le cúrsaí a bhaineann le clár na hArdteistiméireachta Feidhmí
- Aird ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí
- Oscailteacht agus toilteanas glacadh leis an athrú
- Deiseanna le haghaidh comhoibriú agus rannpháirtíocht leis an bpobal áitiúil

### Eagrúchán Scoileanna

Tá ríthábhacht ag baint le an-aird ar mhionsonraí agus eagrúchán chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí laistigh den scoil, go háirithe i dtaca le pleanáil, socrú amchláir agus comhordú.

**Socrú Amchláir**
Cuimhnigh

- Gur clár comhtháite í an Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Go bhfuil sé tábhachtach, agus an clár ama á phleanáil agus á dhearadh, go socrófaí é don chlár iomlán dhá bhliain
- Go ndéanfaí tagairt do riachtanais an chláir i rith an ama

- Go bhfuil sé tábhachtach am a chur san áireamh le haghaidh obair an chomhordaitheora, cruinnithe foirne agus monatóireacht ar an taithí oibre

**Comhordaitheoir an Chláir**
Cuimhnigh

- Gur croí-phearsa é nó í an comhordaitheoir ó thaobh scaipeadh eolais de
- Comhlíonann sé nó sí feidhmeanna tábhachtacha i dtaca leis an riarachán (m.sh. taifid a choimeád, bainistiú Thascanna Scoláire a chomhordú, monatóireacht ar thinreamh rannpháirtithe)
- Bíonn ról tábhachtach aige/aici freisin ó thaobh na pleanála de (m.sh. cúrsaí cláir ama, soláthar na foirne teagaisc, cúrsaí buiséid, cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe foirne agus iad a thionól, Tascanna Scoláire a phleanáil)
- Ní mór dó/di caidreamh maith a chothú le múinteoirí agus rannpháirtithe araon, iad a spreagadh agus a sciar féin a dhéanamh chun próifíl na hArdteistiméireachta Feidhmí a bhunú sa scoil agus lastall di
- Gur cheart freisin scileanna maithe eagrúcháin a bheith ag an gcomhordaitheoir (m.sh. socrúcháin oibre a eagrú)

## Modheolaíochtaí Teagaisc

Is iad is tréithe suaitheantais don chlár

- Úsáid stíleanna teagaisc lena spreagtar rannpháirtithe chun ról gníomhach a ghlacadh i dtaca le faisnéis iomchuí a aimsiú agus a úsáid, agus lena gcuirtear chun cinn freagracht phearsanta, treallús, neamhspleáchas, machnamh, féinmheastóireacht, féinmhuinín agus comhoibriú
- Éagsúlacht de phróisis teagaisc agus foghlama lena n-áirítear obair ghrúpa, obair tionscadail agus úsáid na dtascanna foghlama aonair saincheaptha
- Cur chun cinn na cumarsáide, na litearthachta, na huimhearthachta agus scileanna cineálacha eile ar fud an churaclaim agus réimse de mheáin in úsáid
- Gach uile ghné den chothromas, lena n-áirítear cothromas inscne, a chur chun cinn
- Forbairt scileanna múinteoirí i dtaca lena bhfeidhmíocht féin a mheas
- Áiseanna teagaisc agus foghlama sa phobal áitiúil a shainaithint agus a úsáid agus idirghníomhú le fostóirí agus fiontair
- Cur chuige teagaisc a bheadh ceaptha le tabhairt faoi agus freastal ar riachtanais na rannpháirtithe

## 3. Riachtanais an Chláir

Cuimsíonn clár na hArdteistiméireachta Feidhmí réimse de chúrsaí, gach ceann acu deartha ar bhonn modúl. Maireann modúl tríocha uair an chloig. Tá gach bliain den chlár dhá bhliain roinnte ina dhá seisiún, Meán Fómhair go hEanáir agus Feabhra go Meitheamh, d'fhonn struchtúr modúlach na gcúrsaí a éascú. Is iondúil go gcuirtear modúl in aon chúrsa ar bith i gcrích laistigh de sheisiún. Thar thréimhse dhá bhliain an chláir, déanfaidh rannpháirtithe 44 modúl a chur i gcrích.

### Cúrsaí

Bíonn ar rannpháirtithe tabhairt faoi chúrsaí i ngach ceann de na réimsí seo a leanas

| **Ullmhúchán don Obair** | **Líon Modúl** |
|---|---|
| Ullmhúchán don Obair agus Gairmthreoir | 8 |
| Béarla agus Cumarsáid | 4 |
| **Gairmoideachas** | **Líon Modúl** |
| Speisialachais Ghairme (2 chúrsa iomlána) | 8 (4x2) |
| Feidhmeanna Matamaiticiúla | 4 |
| Buntreoir don Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 2 |
| **Oideachas Ginearálta** | **Líon Modúl** |
| Oideachas Sóisialta | 6 |
| Teangacha:<br>Gaeilge<br>Nuatheanga Eorpach<br>nó<br>Teanga Chomharthaíochta do rannpháirtithe de chuid an phobail bhodhair | <br>2<br>2<br><br>(4) |
| Oideachas Ealaíon (Damhsa, Drámaíocht, Ceol, Amharc-ealaíona) | 2 |
| Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire (lena n-áirítear Corpoideachas) | 2 |
| **Modúil Roghnacha** | **Líon Modúl** |
| Ní mór do rannpháirtithe ceithre mhodúl roghnacha a chur i gcrích | 4 |
| **IOMLÁN** | **44** |

I dtaca leis na speisialachais ghairme, seo a leanas liosta na roghanna

- Talmhaíocht/Gairneoireacht
- Cúram Páistí/Cúram Pobail
- Staidéar Grafaice agus Tógála
- Ceardaíocht agus Dearadh
- Innealtóireacht Gruagaireacht agus Áilleacht
- Óstánaíocht, Lónadóireacht agus Turasóireacht

- Riarachán Oifige agus Cúram Custaiméirí Teicneolaíocht

Is cúrsaí leantacha iad an dá speisialachas gairme atá leagtha amach thíos a leanann na túschúrsaí atá léirithe idir lúibíní agus ní ceadmhach iad a thosú go dtí go gcuirtear na túschúrsaí i gcrích.

- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (Buntreoir don Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)
- Staidéar Fóillíochta Gníomhaí (Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire)

## Modúil Roghnacha

Ní mór do scoileanna ceithre mhodúl roghnacha a chur ar fáil as a mbronnfar creidiúint. Féadann scoileanna rogha a dhéanamh as measc an tacar de mhodúil agus cúrsaí atá ar fáil, lena n-áirítear cúrsaí/modúil san Eolaíocht agus san Oideachas Reiligiúin. Féadann scoileanna na ceithre mhodúl go léir as cúrsa amháin a thairiscint m.sh. Eolaíocht, nó teaglaim de mhodúil a roghnófaí as cúrsaí éagsúla. Ní ceadmhach do scoileanna modúil a roghnú as na speisialachais ghairme a bheadh roghnaithe cheana.

Faoi chúinsí speisialta, d'fhéadfadh sé go mbeadh scoileanna ag iarraidh cúrsa/modúl nua a fhorbairt le freastal ar riachtanais nó spéiseanna áitiúla. Ba cheart a leithéid de chúrsaí/modúil a chur faoi bhráid CNCM le go gcuirfí faoi phróiseas bailíochtaithe iad chun go bhféadfar iad a chur i bhfeidhm, faoi réir faomhadh deiridh ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Tá sonraithe sa chairt seo a leanas na roghanna roghnacha atá ar fáil as measc na gcúrsaí atá ann anois.

| Ainm an Chúrsa | Líon Modúl atá ar fáil | Líon Modúl is gá a dhéanamh | Líon na modúl roghnach féideartha |
|---|---|---|---|
| Ullmhúchán don Obair agus Gairmthreoir | 11 | 8 | 3 |
| Béarla agus Cumarsáid | 4 | 4 | 0 |
| Feidhmeanna Matamaiticiúla | 4 | 4 | 0 |
| Speisialachas Gairme | | 4 + 4 | Féadann rannpháirtithe suas le 4 mhodúl roghnacha a dhéanamh in aon cheann de na speisialachais ghairme nach mbeidh scrúdú le déanamh acu iontu |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Buntreoir don Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 2 | 2 | 0 |
| Oideachas Ealaíon | 9 | 2 | 7 |
| Oideachas Sóisialta | 6 | 6 | 0 |
| Nuatheanga | 2 | 2 | Féadann rannpháirtithe modúil roghnacha a dhéanamh i dteangacha eile |
| Gaeilge | 2 | 2 | 0 |
| Teanga Chomharthaíochta | 4 | | Is ceadmhach do scoláirí bodhra na ceithre mhodúl go léir a dhéanamh in áit Nuatheangacha agus an Ghaeilge. Is ceadmhach do gach rannpháirtí Modúil 1 & 2 a dhéanamh mar mhodúil roghnacha |
| Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire | 3 | 2 | 1 |
| Oideachas Reiligiúin | 4 | 0 | 4 |
| Eolaíocht | 4 | 0 | 4 |

### Tascanna Scoláire

Bíonn ar gach rannpháirtí freisin seacht dTasc Scoláire a chur i gcrích thar an dá bhliain (féach an rannán Tascanna Scoláire den leabhar seo leis na mionsonraí a fháil).

## 4. Measúnú agus Teastasú

Baineann na prionsabail seo a leanas le measúnú agus teastasú na hArdteistiméireachta Feidhmí

i. Tá na critéir mheasúnaithe le bheith trédhearcach
ii. Rannpháirtithe le creidiúint a charnadh i gcaitheamh an chláir
iii. Lárnacht na dTascanna Scoláire i dtaca le nádúr na hArdteistiméireachta Feidhmí
iv. Scrúdú seachtrach le réimse leathan de theicnící a ionchorprú
v. Foráil le gur féidir le luathfhágálaithe creidiúint a thabhairt leo as gnóthachtáil

Déanfar gnóthachtáil agus feidhmíocht an rannpháirtí a thaifeadadh i dtrí mhodh:

### Cur i gcrích Modúl

Ag deireadh gach Seisiúin, tabharfar creidiúint don rannpháirtí ar chur i gcrích sásúil na modúl iomchuí. Le go mbronnfar creidiúint orthu, ní mór do rannpháirtithe

- Freastal ar na ranganna agus na gníomhaíochtaí seach-scoile a bhaineann leis na modúil agus
- Na croí-thascanna a bhaineann leis an modúl a chur i gcrích.

Ní bheidh aon rangú feidhmíochta i gceist. Is gá ráta tinrimh de 90% ar a laghad a bheith ann. Sa chás ina mbeadh asláithreacht ann mar gheall ar chúinsí eisceachtúla, ní mór don scoil é seo a dheimhniú.

### Tascanna Scoláire

Déanfar measúnú ar fheidhmíocht aonair sna Tascanna Scoláire de réir critéir shainiúla (féach an rannán Tascanna Scoláire den leabhar seo leis na mionsonraí a fháil).

### Scrúduithe Seachtracha

Ag deireadh Bhliain 2, déanfaidh rannpháirtithe scrúduithe deiridh sna réimsí seo a leanas:

- Béarla agus Cumarsáid
- Speisialachais Ghairme (2)
- Feidhmeanna Matamaiticiúla
- Teangacha (2)
- Oideachas Sóisialta

## Leithdháileadh Creidiúintí

Féadann rannpháirtí suas le 200 creidiúint a charnadh. Déantar na creidiúintí seo a leithdháileadh ar an mbonn seo a leanas

| Modh | Creidiúintí | Céatadáin |
|---|---|---|
| Cur i gCrích Sásúil Modúl* | 62 | 31% |
| 7 dTasc Scoláire | 70 | 35% |
| Scrúduithe Deiridh | 68 | 34% |

*Maidir leis an gcomhpháirt mheasúnaithe a bhaineann le Cur i gCrích Modúl, beidh luach de dhá chreidiúint leis na modúil sna cúrsaí neamhscrúdaithe. I gcás cúrsaí a ndéantar measúnú orthu freisin sna Scrúduithe Deiridh, beidh luach de chreidiúint amháin in aghaidh an mhodúil ag baint leo.

## Creidiúintí le haghaidh Cur i gcrích Modúl

| Cúrsaí Neamhscrúdaithe | Líon Modúl | Líon Creidiúintí |
|---|---|---|
| Ullmhúchán don Obair agus Gairmthreoir | 8 | 16 |
| Buntreoir don Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 2 | 4 |
| Oideachas Ealaíon | 2 | 4 |
| Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire | 2 | 4 |
| **Iomlán** | **14** | **28** |
| **Cúrsaí a bhFuil Scrúdú Deiridh Leo** | **Líon Modúl** | **Líon Creidiúintí** |
| Béarla agus Cumarsáid | 4 | 4 |
| Speisialachais Ghairme | 8 (4x2) | 8 |
| Feidhmeanna Matamaiticiúla | 4 | 4 |
| Oideachas Sóisialta | 6 | 6 |
| Teangacha | 4 (2x2) | 4 |
| **Iomlán** | **26** | **26** |
| **Modúil Roghnacha** | **Líon Modúl** | **Líon Creidiúintí** |
| Modúil Reatha agus Bhailíochtaithe | 4 | 8 |
| **Iomlán** | **4** | **8** |
| **LÍON FORIOMLÁN** | **44** | **62** |

## Creidiúintí as Tascanna Scoláire

| | |
|---|---|
| Tasc Oideachais Ghinearálta | 10 gcreidiúint |
| Tasc Ullmhúcháin don Obair | 10 gcreidiúint |
| Tasc Gairmoideachais (x2) | 10 + 10 gcreidiúint |
| Tasc na Ceiste Comhaimseartha | 10 gcreidiúint |
| Tasc Gnóthachtála Praiticiúla | 10 gcreidiúint |
| Tasc Machnaimh Phearsanta | 10 gcreidiúint |
| **LÍON FORIOMLÁN** | **70 creidiúint** |

## Creidiúintí as Scrúduithe Deiridh

| | |
|---|---|
| Béarla agus Cumarsáid | 12 chreidiúint |
| Speisialachais Ghairme (2) | 12 chreidiúint an ceann |
| Teangacha (2) | 6 chreidiúint an ceann |
| Oideachas Sóisialta | 10 gcreidiúint |
| Feidhmeanna Matamaiticiúla | 10 gcreidiúint |
| **LÍON FORIOMLÁN** | **68 creidiúint** |

## Cáiliúchán na hArdteistiméireachta Feidhmí

Is cáiliúchán aonair í an Ardteistiméireacht atá bunaithe ar chreidiúintí a charntar thar cheithre sheisiún agus sna scrúduithe deiridh.

Leis an gcur chuige seo

- Tarraingítear aird ar nádúr úr nuálach an chláir
- Cuirtear chun cinn inspreagadh rannpháirtithe trí charnadh forchéimnitheach creidiúintí a éascú trí chur i gcrích modúl, cur i gcrích na dTascanna Scoláire agus scrúduithe deiridh
- Leagann béim ar nádúr comhtháite an dearaidh cláir agus ar an gcur chuige comhordaithe i leith a churtha i bhfeidhm
- Éascaítear níos mó solúbthachta trí trí chur chuige an-éagsúla ach comhlántacha i leith an mheasúnaithe a thabhairt le chéile chun teacht ar an gcáiliúchán deiridh
- Tá sé ag teacht leis an gcur chuige i leith creidiúnú cláir oideachais réamhghairme eile sa dlínse seo agus i ndlínsí eile

Bronnfar Ardteistiméireacht ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar rannpháirtithe a n-éiríonn leo Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí a chur i gcrích. Is féidir freisin go bhfaighidís Taifead Taithí má fhágann siad an scoil roimh dóibh an clár a chur i gcrích.

## Bronnfar an Ardteistiméireacht Fheidhmeach ag trí leibhéal

| | | |
|---|---|---|
| • Pas | 120 - 139 creidiúint | (60% - 69%) |
| • Pas le Tuillteanas | 140 - 169 creidiúint | (70% - 84%) |
| • Pas le Gradam | 170 - 200 creidiúint | (85% - 100%) |

# Breac-chuntas ar Thascanna Scoláire Cuid 1: Ceisteanna Coitianta

## Réamhrá

Tá breac-chuntas sa rannán seo ar ghné lárnach den chlár, na Tascanna Scoláire
Is iad na Tascanna Scoláire seo a fhágann gur clár faoi leith é clár na hArdteistiméireachta Feidhmí. Ceapadh iad le deis a chur ar fáil do rannpháirtithe chun an fhoghlaim a chomhtháthú leis an taithí phraiticiúil atá gnóthaithe acu ó na cúrsaí agus modúil éagsúla de chuid an chláir.

Tá trí chuid sa rannán seo den leabhar

### Cuid 1

I gcuid 1, tá freagraí ar na ceisteanna is coitianta i dtaca le Tascanna Scoláire na hArdteistiméireachta Feidhmí.

### Cuid 2

Tá breac-chuntas ar na sonraíochtaí (lena n-áirítear critéir mheasúnaithe) le haghaidh gach ceann de na Tascanna Scoláire i gcuid 2. Ba cheart an-aird a thabhairt ar an gcuid seo den leabhar go háirithe.

### Cuid 3

Tá iniúchadh i gcuid 3 ar an bpróiseas a bhaineann le cur i gcrích na dTascanna Scoláire agus tá sí leagtha amach i riocht ceisteanna a bheadh le freagairt ag rannpháirtithe.
Tríd an gcuid seo den leabhar a léamh go cúramach, ba cheart go bhfaighfí soiléiriú ar cheisteanna a bhaineann le comhlánú na dTascanna Scoláire.

## Ceisteanna Coitianta

### 1. Cad is Tasc Scoláire ann?

Is ionann an Tasc Scoláire agus gníomhaíocht phraiticiúil agus/nó próiseas machnaimh trína gcomhtháthaíonn an scoláire agus cuireann i bhfeidhm taithí foghlama a ghnóthaítear trí thabhairt faoi chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí i dtaca le cuid de na nithe seo a leanas nó iad go léir

- Táirge a fhorbairt
- Ceist a iniúchadh
- Gníomh a chur i bhfeidhm
- Seirbhís a chur ar fáil
- Imeacht a eagrú

- Machnamh pearsanta

## 2. Cad is cuspóir leis an Tasc Scoláire?

Is éard is príomhchuspóir leis an Tasc Scoláire ná tacú le croí-phrionsabal oideachasúil de chuid chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí, mar atá, comhtháthú. Tá na tascanna scoláire ceaptha le cabhrú leis na scoláirí feasacht níos láidre a fhorbairt iontu féin ar na naisc thairbheacha chomhsheasmhacha atá ann idir na coincheapa, na scileanna, na hinniúlachtaí, an taithí, an t-eolas agus an tuiscint a bheadh forbartha agus/nó sealbhaithe acu trí chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí. Ba cheart go dtarraingeofaí an fhoghlaim le chéile leis na tascanna scoláire seachas ligean di fanacht mar thaithí scoilte. Tugtar comhtháthú ar an bpróiseas seo.

## 3. Cad iad aidhmeanna an Taisc Scoláire?

Is iad is aidhmeanna leis an Tasc Scoláire

- Deis a chur ar fáil don scoláire chun an fhoghlaim agus an taithí phraiticiúil ó na cúrsaí agus modúil éagsúla de chuid an chláir a chomhtháthú
- Scileanna litearthachta, cumarsáide agus uimhearthachta an scoláire a fhorbairt
- Muinín agus féinmheas an scoláire a fhorbairt
- Inspreagadh an scoláire a chur chun cinn trí spriocanna gearrthréimhseacha inréadaithe a sholáthar
- Freagracht agus treallús an scoláire a fhorbairt mar aon le scileanna a bhaineann le féinmheastóireacht, fadhbréiteach, machnamh agus bainistiú
- A chur ar chumas scoláirí an t-eolas, tuiscint, scileanna agus inniúlachtaí a bheadh forbartha acu trí rannpháirtíocht sna modúil a chur i bhfeidhm ar fhadhbanna agus/nó ceisteanna praiticiúla
- Comhoibriú agus obair foirne a chur chun cinn i measc scoláirí rannpháirteacha
- Teagmháil idir an scoil agus an pobal a chur chun cinn trí rannpháirtíocht leis an bpobal áitiúil
- Saoránacht ghníomhach a chur chun cinn agus a fhorbairt
- Scoláirí a ullmhú don saol lasmuigh agus tar éis na scoile

## 4. Cá mhéad tasc a bhíonn le cur i gcrích ag scoláirí?

I gcaitheamh chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí, ní mór do gach scoláire tabhairt faoi sheacht dTasc Scoláire.

- Tasc Ullmhúcháin don Obair
- Tasc Gairmoideachais (x2)

- Tasc Oideachais Ghinearálta
- Tasc na Ceiste Comhaimseartha
- Tasc Gnóthachtála Praiticiúla
- Tasc Machnaimh Phearsanta

## 5. Cén sceideal atá ann chun na seacht dTasc Scoláire a chur i gcrích?

Is é an sceideal atá ann chun na seacht dTasc Scoláire a chur i gcrích ná

| BLIAIN 1 | | BLIAIN 2 | |
|---|---|---|---|
| **Seisiún I** | **Seisiún II** | **Seisiún III** | **Seisiún IV** |
| Tasc Oideachais Ghinearálta | Tasc Ullmhúcháin don Obair<br><br>Tasc Gairmoideachais | Tasc na Ceiste Comhaimseartha<br><br>Tasc Gairmoideachais<br><br>Tasc Gnóthachtála Praiticiúla | Tasc Machnaimh Phearsanta<br><br>[Iena n-ionchorpraítear Ráitis Mhachnaimh I agus II] |
| | [Ráiteas Machnaimh I] | | [Ráiteas Machnaimh II] |

Tá an sceideal ceaptha leis na nithe seo a leanas a éascú

- Foghlaimíonn scoláirí próiseas an taisc trí dhíriú ar Thasc Scoláire amháin i Seisiún I, dhá Thasc Scoláire i Seisiún II etc.
- Dul chun cinn agus forbairt i gcáilíocht agus i nádúr na dTascanna Scoláire
- Neamhspleáchas an scoláire a mhéadú i dtaca le sainaithint, dearadh agus pleanáil na dTascanna Scoláire
- Comhtháthú níos bríche a fhorbairt
- Deiseanna níos mó le haghaidh cur i bhfeidhm traschuraclaim
- Forbairt teicnící bainistithe ama

## 6. Cad iad na príomhchéimeanna a bhaineann leis an Tasc Scoláire?

Tá roinnt céimeanna ag baint leis an Tasc Scoláire. Is féidir na céimeanna a ghrúpáil mar seo a leanas

- Roghnú/pleanáil
- Cur i bhfeidhm
- Taifeadadh agus cur i bhfeidhm ar bhonn traschuraclaim

- Athbhreithniú agus meastóireacht
- Cur i láthair/cumarsáid

Tá plé níos mionsonraithe ar na gnéithe seo i gCuid 3 den rannán seo den leabhar.

## 7. Cá fhad ba cheart dó a thógáil ar scoláire chun Tasc Scoláire a chur i gcrích?

Is é an fad ama molta chun Tasc Scoláire a chur i gcrích ná deich n-uair an chloig, agus is am sa rang é cuid den am seo. Mar gheall ar an gcineál taisc atá ann, beidh níos mó ama ag teastáil le haghaidh an Taisc Machnaimh Phearsanta nó is tasc leanúnach é atá ceaptha lena éascú don scoláire machnamh a dhéanamh ar bhonn rialta ar a chuid taithí foghlama. Cuirtear tús leis an Tasc Scoláire ag tús Sheisiún I agus críochnaítear é ag deireadh Sheisiún IV.

## 8. Cén áit agus cén chaoi ar cheart gach Tasc Scoláire a shainaithint agus a phleanáil?

Déanfar gach Tasc Scoláire a shainaithint, a dhearadh agus a phleanáil ag leibhéal scoile i gcomhréir leis an gcur síos ar an Tasc Scoláire mar atá leagtha amach i gCuid 2 den rannán seo den leabhar. Is riachtanas éigeantach den chlár go mbeadh gach aon scoláire rannpháirteach go gníomhach le sainaithint, dearadh agus pleanáil gach Taisc Scoláire a dtabharfadh sé faoi. Ba cheart go mbeadh fíorspéis ag an scoláire in inneachar a chuid tascanna.

## 9. Cad é an chothromaíocht iomchuí idir treoir an mhúinteora agus féinfhreagracht an scoláire?

Is ar an scoláire, i rith an ama, a luíonn an phríomhfhreagracht as an Tasc Scoláire, ní mór gurb é a c(h)uid oibre féin a bheadh ann. Is féidir, áfach, go mbeadh ar an múinteoir comhairle agus treoir a thabhairt don scoláire i dtaca le

- Topaicí oiriúnacha ábhartha a shainaithint
- Cuspóirí soiléire inláimhsithe a shocrú
- Sceideal ama a phleanáil agus a bhainistiú chun an Tasc Scoláire a chur i gcrích
- Scileanna taighde a fhorbairt
- Acmhainní féideartha daonna agus ábharacha a shainaithint
- Cúrsaí eile a shainaithint a chabhródh ar bhealach bríoch
- Comhtháthú a fhorbairt agus a spreagadh
- Réimsí láidreachtaí agus laigí a iniúchadh agus a shainaithint
- Scileanna teanga agus cumarsáide a fhorbairt
- Riachtanais mheasúnaithe an Taisc Scoláire a thuiscint
- Na scileanna teicniúla atá ag teastáil chun cur i láthair a dhéanamh a thuiscint

### 10. An féidir tabhairt faoi Thasc Scoláire ar bhonn grúpa?

Diomaite den Tasc Gnóthachtála Praiticiúla agus den Tasc Machnaimh Phearsanta, is féidir tabhairt faoi Thasc Scoláire ar bhonn grúpa. Ní shainítear líon na scoláirí a bheadh bainteach leis an ngrúpa ach ba cheart líon iomchuí a bheith ann le go mbeidh ról soiléir ag gach scoláire aonair, a ligfeadh dó nó di ionchur bríoch a bheith aige nó aici. Ba cheart fós go dtógfadh sé ar laghad deich n-uair an chloig ar scoláire aonair chun an Tasc Scoláire seo a chur i gcrích. Tá sé tábhachtach go gcuirfeadh an scoláire aonair i láthair cur síos foriomlán ar an tasc grúpa agus go mbeadh tuiscint shoiléir aige ar nádúr agus ar chuspóirí an taisc trí chéile, agus, san am céanna, é ag cur i láthair tuairisc ar a ionchur aonair féin don Tasc Scoláire.

### 11. An féidir tabhairt faoi níos mó ná an t-aon tasc grúpa amháin i rang na scoláirí?

Is féidir aon líon ar bith de thascanna grúpa a bheith ann sa rang. Is féidir freisin teaglaim de thascanna aonair agus de thascanna grúpa a bheith ann laistigh den rang.

### 12. An ceadmhach eochairchleachtaí ó chúrsaí/modúil a chur san áireamh i dTasc Scoláire?

Is ceadmhach, is féidir eochairchleachtaí a bheith mar chuid den Tasc Scoláire ach ní mór go bhforbródh an tasc an eochairchleachtadh agus gur mhó an tasc ná é.

### 13. Cad iad na riachtanais ghinearálta a bhíonn ag teastáil chun creidiúintí a fháil as Tasc Scoláire?

Chun creidiúintí a fháil as Tasc Scoláire, ní mór don scoláire

- Fianaise bharántúil gur cuireadh an tasc i gcrích a sholáthar
- Tuairisc taisc a sholáthar
- É féin a chur ar fáil le haghaidh agallaimh

Is é an t-aon eisceacht ar an tacar seo de riachtanais ná an Tasc Machnaimh Phearsanta, nach bhfuil aon chomhpháirt agallaimh ag baint leis.

### 14. Cad is fianaise bharántúil ann gur cuireadh an tasc i gcrích?

Ag brath ar an gcineál Taisc Scoláire, d'fhéadfadh sé gur táirge/déantúsán críochnaithe a bheadh i gceist anseo, nó taifead/loga/punann a chuimseodh, b'fhéidir, fianaise thacaíochta fhótagrafach

agus/nó físe den iniúchadh, imeacht, taibhiú nó seirbhísí ar tugadh fúthu. Is iad údaráis na scoile a dheimhníonn an bharántúlacht.

## 15. Cad is tuairisc Tasc Scoláire ann?

Is ionann tuairisc Tasc Scoláire agus cur síos ar na céimeanna éagsúla a bhíonn ag teastáil chun Tasc Scoláire a chur i gcrích. Ba cheart go gcuimseofaí sa tuairisc faisnéis maidir le

- An teideal
- Ráiteas ar an aidhm/na haidhmeannaAn plean gníomhaíochta
- An Tasc Scoláire a dhéanamh
- Cur i láthair agus anailís ar thorthaí
- Meastóireacht ar an Tasc Scoláire agus ionchur an scoláire féin
- An chaoi ar chuir cúrsaí eile leis an Tasc Scoláire

(Féach freisin leathanach 44 chun treoirlínte a fháil don scoláire i dtaca le tuairisc a chur i gcrích)

## 16. Cad é atá i gceist le cur i bhfeidhm traschuraclaim?

Is é is cur i bhfeidhm traschuraclaim ann, nuair a thógfadh scoláire, go coinsiasach, gné de chúrsa ar a mbeadh staidéar déanta aige nó aici, seachas an cúrsa ar a bhfuil an Tasc Scoláire bunaithe, agus an ghné sin a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil bríoch sa Tasc Scoláire.

## 17.Cad atá i gceist le comhtháthú?

Is é is príomhchuspóir leis an Tasc Scoláire ná deis a thabhairt do scoláirí feasacht níos láidre a fhorbairt ar na naisc chomhsheasmhacha atá ann idir na coincheapa, na scileanna, na hinniúlachtaí, an taithí, an t-eolas agus an tuiscint a bheadh forbartha agus/nó sealbhaithe acu trí staidéar a dhéanamh ar réimse de chúrsaí laistigh de chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí. Ba cheart go dtarraingeofaí an fhoghlaim le chéile leis na tascanna scoláire seachas ligean di fanacht mar thaithí scoilte. Tugtar comhtháthú ar an bpróiseas seo.

## 18.Cad iad na critéir mheasúnaithe le haghaidh gach Tasc Scoláire?

Tá na critéir mheasúnaithe le haghaidh gach Tasc Scoláire leagtha amach go mionsonrach i gCuid 2 den rannán seo den leabhar.

### 19. Cén nós imeachta a bhíonn ann mura mbíonn scoláire sásta leis na creidiúintí a bronnadh air as an Tasc Scoláire?

Tá nós imeachta achomhairc i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus ba cheart go gcuirfí é seo in iúl don scoláire agus go dtreorófaí é de réir mar ba chuí.

### 20. An gá Tasc Scoláire a chlóscríobh/a ullmhú ar phróiseálaí focal?

Ní gá Tasc Scoláire a chlóscríobh ná a ullmhú ar phróiseálaí focal.

### 21. Cá fhad ba cheart na gnéithe éagsúla den Tasc Scoláire a choinneáil ar scoil?

Ba cheart gach Tasc Scoláire a choinneáil sa scoil go dtí dáta druidte na n-achomharc don tasc sin.

### 22. An féidir obair a ndearnadh measúnú uirthi mar Thasc Scoláire a chur isteach lena mheasúnú arís?

Ní féidir obair a ndearnadh measúnú uirthi mar Thasc Scoláire a athchur isteach lena mheasúnú.

# Breac-chuntas ar Thascanna Scoláire Cuid 2: Sonraíochtaí Taisc

## Sonraíochtaí Ardteistiméireachta Feidhmí le haghaidh na dTascanna Oideachais Ghinearálta, Ullmhúchán don Obair agus Gairmoideachais

Ní mór go luífeadh Tascanna Scoláire laistigh de na trí cheannteideal seo faoi cheann amháin de na catagóirí a leanas

- Ceist/topaic a iniúchadh
- Imeacht a eagrú
- Taibhiú (grúpa nó aonair)
- Seirbhís a chur ar fáil
- Táirge/déantúsán a fhorbairt

### Tasc Oideachais Ghinearálta

Ní mór an Tasc Scoláire seo a bheith bunaithe sa ghné Oideachais Ghinearálta den chlár, agus go léireofaí fianaise ar chur i bhfeidhm traschuraclaim ó chúrsaí laistigh den ghné seo agus/nó gnéithe eile.

Déantar measúnú ar an Tasc Oideachais Ghinearálta ag deireadh Sheisiún I Bliain I.

### Tasc Ullmhúcháin don Obair

Ní mór an Tasc Scoláire faoin gceannteideal seo a bheith bunaithe sa ghné Ullmhúcháin don Obair den chlár, agus go léireofaí fianaise ar chur i bhfeidhm traschuraclaim ó chúrsaí laistigh den ghné seo agus/nó gnéithe eile.
Déantar measúnú ar an Tasc Ullmhúcháin don Obair ag deireadh Sheisiún II Bliain I.

### Tasc Gairmoideachais (x2)

Ní mór do gach scoláire tabhairt faoi dhá speisialachas gairme laistigh den ghné Ullmhú don Obair den chlár agus Tasc Scoláire a chur i gcrích laistigh de gach ceann de na cúrsaí seo. Ní ceadmhach an dá thasc a roghnú as an gcúrsa céanna.
Ba cheart go léireodh gach Tasc Scoláire fianaise ar chur i bhfeidhm traschuraclaim ó chúrsaí laistigh den ghné seo agus is féidir go gcuimseofaí fianaise ar chur i bhfeidhm traschuraclaim le gnéithe eile. **Is réimsí éigeantacha de chur i bhfeidhm traschuraclaim sna Tascanna Ullmhú don Obair iad Feidhmeanna Matamaiticiúla agus Teicneolaíocht na Faisnéise**. Níor cheart go stopfadh sé seo scoláirí de bheith ag cur i bhfeidhm foghlaim ó réimsí eile den churaclam ar na Tascanna Scoláire seo.
I gcás Tasc Scoláire a dtabharfaí faoi mar chuid den speisialachas gairme i dTeicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide, beidh ar an scoláire fianaise a léiriú ar chur i bhfeidhm traschuraclaim ó Fheidhmeanna Matamaiticiúla agus ar a laghad cúrsa amháin eile seachas Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide féin.
Déantar measúnú ar Thasc Gairmoideachais 1 ag deireadh Sheisiún II Bliain 1.
Déantar measúnú ar Thasc Gairmoideachais 2 ag deireadh Sheisiún III Bliain 2.

## Measúnú

### Fianaise de chur i gcrích an Taisc Scoláire

Ní mór do gach scoláire fianaise bharántúil a sholáthar go bhfuil an Tasc Scoláire curtha i gcrích aige. D’fhéadfadh sé gur táirge/déantúsán críochnaithe a bheadh i gceist anseo, nó taifead/loga/punann a chuimseodh, b’fhéidir, fianaise thacaíochta fhótagrafach agus/nó físe den iniúchadh, imeacht, taibhiú nó seirbhísí ar tugadh fúthu.

### Tuairisc Tasc Scoláire aonair

Ba cheart go gcuimseofaí sa tuairisc faisnéis maidir le

- An teideal
- Ráiteas ar an aidhm/na haidhmeanna

- An plean gníomhaíochta
- An Tasc Scoláire a dhéanamh Cur i láthair agus anailís ar thorthaí
- Meastóireacht ar an tasc scoláire agus ionchur an scoláire féin An chaoi ar chuir cúrsaí eile leis an Tasc Scoláire

(féach freisin leathanach 44 chun treoirlínte a fháil don scoláire i dtaca le tuairisc a chur i gcrích)

Féadann scoláire fianaise d'iniúchadh agus aon cáipéis tacaíochta eile a chuimsiú ina thuairisc deiridh.

I gcás tasc grúpa, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh an scoláire aonair i láthair cur síos foriomlán ar an tasc grúpa ina thuairisc, agus, san am céanna, é ag cur i láthair tuairisc ar a ionchur aonair féin don Tasc Scoláire sin.

## Freastal ar agallamh

Is é a bheidh i gceist leis an agallamh ná comhrá idir an scrúdaitheoir agus na scoláirí faoin obair a bhí i gceist leis an tasc. Ba cheart go mairfeadh an comhrá ar a laghad 5 nóiméad, as an 20 nóiméid atá leithdháilte le haghaidh measúnú ar thasc gach scoláire.

## Critéir Mheasúnaithe

Déanfar an measúnú ar bhonn na gcritéar seo a leanas

- Cumas an Tasc Scoláire a roghnú agus a phleanáil go héifeachtach
- Cáilíocht na rannpháirtíochta sa ghníomhaíocht agus na fianaise den dul chun cinn agus gnóthachtáil a soláthraíodh
- Cumas machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar an taithí a fuarthas trí bheith ag tabhairt faoin Tasc Scoláire agus á chur i gcrích
- Cáilíocht an chomhtháthaithe foghlama
- Fianaise ar chur i bhfeidhm traschuraclaim
- Cáilíocht an chumais cumarsáide

## Leithdháileadh Creidiúintí

Bronnfar na deich gcreidiúint (5% de mharcanna iomlán an chláir) atá leithdháilte le haghaidh gach ceann de na tascanna seo ar an mbonn seo a leanas

**9 - 10 gCreidiúint**

Míníonn an scoláire go soiléir aidhmeanna agus cuspóirí an Taisc Scoláire. Socraíonn sé/sí spriocanna iontach soiléir agus léiríonn leibhéal ard pleanála.

Tá fianaise iontach soiléir agus barántúil ann freisin de chumas an scoláire eagrú éifeachtach a dhéanamh i leith, dul i ngleic le, scileanna iomchuí a léiriú agus/nó a chur i bhfeidhm ar, agus dul chun cinn a dhéanamh leis an bpróiseas a bhaineann le baint amach na sprice, mar aon leis an bpróiseas sin a chur i gcrích.

Tá an scoláire tar éis tasc ar ardchaighdeán, atá ag teacht go soiléir leis na haidhmeanna agus cuspóirí atá sonraithe aige a sholáthar agus tá sé tar éis tuiscint chuimsitheach a fhorbairt ar na coincheapa agus/nó próisis a bhaineann leis. Léiríonn sé/sí cruthaitheacht agus úrmhaireacht freisin i dtaca leis an Tasc Scoláire a roghnú agus i dtaca lena dhéanamh.

Mar chuid den phróiseas leanúnach, déanann an scoláire meastóireacht agus athbhreithniú chomh maith ar na bunspriocanna agus déanann oiriúnú/coigeartú nuair is cuí. Tá próiseas an chomhtháthaithe iontach soiléir ar fad. Léiríonn sé/sí fianaise freisin laistigh den Tasc Scoláire ar chur i bhfeidhm traschuraclaim foghlama ó cúrsaí agus modúil eile de chuid chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí.

Cuireann an scoláire i láthair tuairisc dhea-struchtúrtha atá curtha in iúl go soiléir. Ag an agallamh, léiríonn an scoláire leibhéal iontach ard de chumas cumarsáide i dtaca le taithí an Taisc Scoláire a chur i láthair agus a chur in iúl.

### 7-8 gCreidiúint

Tugann an scoláire míniú maith ar aidhmeanna agus cuspóirí an Taisc Scoláire. Cuireann sé/sí taifead leorga i láthair den chaoi a ndearnadh an Tasc Scoláire a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

Tá fianaise shoiléir ann freisin de chumas an scoláire eagrú éifeachtach a dhéanamh i leith, dul i ngleic le, scileanna iomchuí a léiriú agus/nó a chur i bhfeidhm ar, agus dul chun cinn a dhéanamh leis an bpróiseas a bhaineann le baint amach na spriocanna a socraíodh, mar aon leis an bpróiseas sin a chur i gcrích.

Tá an scoláire tar éis tasc ar chaighdeán maith, atá ag teacht go soiléir leis na haidhmeanna agus cuspóirí atá sonraithe aige a sholáthar agus tá sé tar éis tuiscint mhaith a fhorbairt ar na coincheapa agus/nó próisis a bhaineann leis.

Tá fianaise áirithe ann d'úrmhaireacht i dtaca leis an Tasc Scoláire a roghnú agus a dhéanamh. Le linn an taisc, tugann an scoláire faoi mhachnamh agus meastóireacht éigin agus rinne coigeartú nuair ba ghá. Tá fianaise shoiléir ann ar phróiseas an chomhtháthaithe.

Tá an tuairisc scríofa agus curtha i láthair go maith agus déanann sé/sí tagairt freisin de chur i bhfeidhm traschuraclaim laistigh den tuairisc. Ag an agallamh, léiríonn an scoláire leibhéal iontach maith de chumas cumarsáide i dtaca le taithí an Taisc Scoláire a chur i láthair agus a chur in iúl.

**5 - 6 Chreidiúint**

Tugann an scoláire míniú réasúnta ar aidhmeanna agus cuspóirí an taisc. Cuireann sé taifead teoranta i láthair den chaoi a ndearnadh an Tasc Scoláire a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Tá fianaise éigin ann de chumas an scoláire eagrú éifeachtach a dhéanamh i leith, dul i ngleic le, scileanna iomchuí a léiriú agus/nó a chur i bhfeidhm ar, agus dul chun cinn a dhéanamh leis an bpróiseas a bhaineann le baint amach na spriocanna a socraíodh, mar aon leis an bpróiseas sin a chur i gcrích. Tá an scoláire tar éis tasc ar chaighdeán réasúnta a sholáthar ar leor é leis na haidhmeanna agus cuspóirí atá sonraithe aige a chomhlíonadh. Tá caighdeán an mhachnaimh agus na meastóireachta ar an Tasc Scoláire a bhí le sonrú ag an agallamh inghlactha. Tá fianaise réasúnta ann de phróiseas an chomhtháthaithe.

Tá an tuairisc inghlactha ó thaobh a struchtúir agus cur i láthair de, agus tagairt theoranta don chur i bhfeidhm traschuraclaim. Tá cumarsáid i dtaca leis an bpróiseas ag an agallamh, ó thaobh cur i láthair agus cur in iúl de, go maith.

**3 - 4 Chreidiúint**

Tugann an scoláire míniú teoranta ar na fáthanna ar roghnaíodh an tasc áirithe seo. Cuireann sé taifead lag i láthair den chaoi a ndearnadh an Tasc Scoláire a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Tá fianaise lag ann de chumas an scoláire eagrú éifeachtach a dhéanamh i leith, dul i ngleic le, scileanna iomchuí a léiriú agus/nó a chur i bhfeidhm ar, agus dul chun cinn a dhéanamh leis an bpróiseas a bhaineann le baint amach na spriocanna a socraíodh, mar aon leis an bpróiseas sin a chur i gcrích. Tá an scoláire tar éis tasc ar chaighdeán íseal a sholáthar.

Tá machnamh agus meastóireacht ar an Tasc Scoláire teoranta. Is beag fianaise atá ann de phróiseas an chomhtháthaithe, más ann d'aon fhianaise.

Tá struchtúr agus cur i láthair na tuairisce lag agus gan aon tagairt ann don

chur i bhfeidhm traschuraclaim. Tá cumarsáid i dtaca leis an bpróiseas ag an agallamh, ó thaobh cur i láthair agus cur in iúl de, inghlactha.

**1 - 2 Chreidiúint**

Tugann an scoláire míniú iontach lag ar na fáthanna ar roghnaíodh an tasc áirithe seo. Cuireann sé taifead iontach lag agus neamhchríochnaithe i láthair den chaoi a ndearnadh an Tasc Scoláire a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Is beag fianaise atá ann, má bhíonn aon fhianaise ann, de chumas an scoláire eagrú éifeachtach a dhéanamh i leith, dul i ngleic le, scileanna iomchuí a léiriú agus/nó a chur i bhfeidhm ar, agus dul chun cinn a dhéanamh leis an bpróiseas a bhaineann le baint amach na spriocanna a socraíodh, mar aon leis an bpróiseas sin a chur i gcrích. Tá an scoláire tar éis tasc ar chaighdeán iontach íseal a sholáthar. Is beag fianaise atá ann go ndearna an scoláire aon mhachnamh nó meastóireacht ar an Tasc Scoláire. Tá struchtúr agus cur i láthair na tuairisce iontach lag. Níl an cur i bhfeidhm traschuraclaim ná próiseas an chomhtháthaithe le sonrú. Tá cumarsáid i dtaca leis an bpróiseas ag an agallamh, ó thaobh cur i láthair agus cur in iúl de, iontach lag.

**0 Creidiúint**

Tá an Tasc Scoláire neamhstruchtúrtha agus neamhchríochnaithe, níl aon fhianaise de rannpháirtíocht le sonrú agus níl machnamh agus meastóireacht le sonrú. Is beag cumas atá léirithe ag an scoláire i dtaca le haon chuid den phróiseas a chur i láthair agus a chur in iúl.

## Sonraíocht Ardteistiméireachta Feidhmí le haghaidh Thasc na Ceiste Comhaimseartha

### Nádúr Thasc na Ceiste Comhaimseartha

Le Tasc na Ceiste Comhaimseartha, bíonn ar an scoláire iniúchadh a dhéanamh agus a chur i gcrích ar, agus gníomhú a dhéanamh i leith, ceist chomhaimseartha a bhfuil tábhacht shóisialta léi sa phobal áitiúil, náisiúnta agus/nó domhanda. D'fhéadfadh sé gurbh ionann gné an ghníomhaithe agus cur i láthair ar Thasc na Ceiste Comhaimseartha iniúchadh don rang nó do ghrúpa eile, nó d'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé gníomh praiticiúil iomchuí i dtaca leis an gceist. Ba cheart freisin, le Tasc na Ceiste Comhaimseartha, go bhforbrófaí naisc le réimsí ábhartha eile den churaclam agus go gcuirfí i bhfeidhm foghlaim ó chúrsaí eile de chuid na hArdteistiméireachta Feidhmí.

### Cuspóir Thasc na Ceiste Comhaimseartha

Is é is cuspóir le Tasc na Ceiste Comhaimseartha ná an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint a bheadh gnóthaithe ag an scoláire ó chur i gcrích an chúrsa Oideachais Shóisialta, go háirithe, agus

ó chúrsaí eile atá mar chuid de chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar iniúchadh agus gníomh bainteach. Ba cheart go gcabhródh an t-iniúchadh leis an scoláire an fheasacht agus tuiscint atá aige nó aici ar na gnéithe éagsúla den cheist áirithe a roghnófaí, m.sh. gnéithe sóisialta, polaitiúla, cathartha, eacnamaíocha agus cultúrtha, a fhorbairt. Is é is aidhm leis an ngné ghníomhaithe de Thasc na Ceiste Comhaimseartha ná saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht eolasach sa tsochaí a chur chun cinn.

I dtéarmaí ginearálta, is é is cuspóir le Tasc na Ceiste Comhaimseartha ná deis a chur ar fáil don scoláire chun

- Iniúchadh a dhéanamh
- Scileanna pleanála agus taifeadta a fhorbairt
- Tuiscint níos doimhne a chur ar cheist
- Tuiscint a chur ar cheist i gcomhthéacs níos leithne
- Tabhairt faoi ghníomh
- Scileanna machnaimh agus meastóireachta a fhorbairt

## Struchtúr Thasc na Ceiste Comhaimseartha

### An Cheist a Roghnú

D'fhéadfadh sé go dtiocfadh an cheist a bheadh le hiniúchadh aníos go nádúrtha ó thopaicí nó téamaí a chlúdófaí sa chúrsa Oideachais Shóisialta nó d'fhéadfadh sé go roghnódh scoláirí í mar gur cheist í a bheadh ag déanamh buartha dóibh nó a mbeadh spéis faoi leith acu inti, cé nach bpléifí go díreach léi sna modúil. Tá sé tábhachtach go mbeadh an cheist ag teacht leis na critéir atá leagtha amach thíos.

### Critéir

- Ní mór gur ceist chomhaimseartha í an cheist a roghnófaí a mbeadh tábhacht shóisialta ag baint léi.
- Is féidir scóip na ceiste a bheith áitiúil, náisiúnta nó domhanda. Má dhéantar ceist a iniúchadh ag leibhéal áitiúil, bítear ag súil le go ndéanfaidh an scoláire í a phlé freisin i gcomhthéacs náisiúnta agus/nó domhanda níos leithne. Más ceist dhomhanda í an cheist a roghnaítear, bítear ag súil leis go mbeidh an scoláire in ann plé a dhéanamh freisin ar na gnéithe náisiúnta agus/nó áitiúla a bhaineann léi.
- Ní mór ceangal a bheith ann idir an cheist agus ceann amháin nó níos mó de phríomhchoincheapa agus/nó príomhthéamaí an chúrsa Oideachais Shóisialta m.sh. comhionannas, inscne, sláinte, caidrimh, coimhlint, dlí, pobal, daonlathas, forbairt, ceartas sóisialta, cearta agus freagrachtaí an duine, saoránacht ghníomhach, fórsaí/leasanna (na meáin, brúghrúpaí, stocaireacht).

- Bítear ag súil le go mbeidh an scoláire in ann naisc a dhéanamh idir an cheist atá á hiniúchadh aige agus ceisteanna agus comhthéacsanna gaolmhara eile.

**Comhpháirteanna Thasc na Ceiste Comhaimseartha**

D'fhéadfaí a rá go bhfuil dhá chomhpháirt i gceist le Tasc na Ceiste Comhaimseartha, an t-iniúchadh agus an gníomh.

**An tIniúchadh**

Sa chuid de Thasc na Ceiste Comhaimseartha a bhaineann leis an iniúchadh, is gá don scoláire aidhmeanna an iniúchta a leagan amach go soiléir, taighde príomha a dhéanamh agus/nó eolas cúlra a bhailiú, staidéar a dhéanamh ar fhíricí/figiúir/sonraí agus ar ghnéithe ábhartha eile den cheist atá á hiniúchadh aige/aici, agus achoimre a thabhairt ar an méid a fhoghlaimíonn sé/sí faoin gceist. Bítear ag súil chomh maith go gcoinneoidh scoláirí taifead ar an gcur chuige pleanála agus eagrúcháin a úsáideann siad le linn an iniúchta. Ba cheart an t-iniúchadh a tharraingt le chéile mar phunann.

**An Gníomh**

D'fhéadfadh aon cheann de na rudaí seo a leanas, nó meascán díobh, a bheith i gceist le gníomh an scoláire: cur i láthair don rang nó do ghrúpa eile lena gcur ar an eolas faoin gceist a fiosraíodh; taispeántas chun eolas a thabhairt do dhaoine eile faoin gceist; feachtas a eagrú nó tacaíocht a thabhairt d'fheachtas a bhaineann leis an gceist; gníomh praiticiúil cuí a dhéanamh a bhaineann leis an gceist.

Ba cheart taifead nó tuairisc ar an ngníomh a bheith san áireamh sa phunann. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina fhianaise fhísiúil agus/nó ina thuairisc scríofa/théipeáilte.

## An Phunann

Tá sé i gceist go mbeidh an oiread solúbthachta agus is féidir i gceist leis an bpunann agus chuige sin, is féidir míreanna scríofa, fuaime agus físe a úsáid ann. Ba cheart léaráidí físiúla agus nithe ábhartha eile a bheith san áireamh chomh maith. Mar threoirlínte, níor cheart go mbeadh an chuid scríofa den phunann níos faide ná 1500 focal agus is é 5 nóiméad an t-uasfhad don ghné fuaime **nó** físe. Más mian le scoláire gnéithe scríofa agus fuaime **nó** físe a úsáid sa phunann, caithfear an líon focal sa tuairisc scríofa chomh maith le fad an taifid fuaime/físe a leasú dá réir m.sh. 750 focal agus 21/2 nóiméad.

Mar sin is féidir an phunann a chur i láthair i mbealaí éagsúla ach ba cheart na codanna seo a leanas a bheith san áireamh ann.

**Cuid 1. Cúlra agus Eolas Bunúsach faoin gCeist Chomhaimseartha**

Ba cheart an chúis ar roghnaíodh an cheist áirithe seo a mhíniú sa chuid seo, agus é a lonnú i gcomhthéacs an chúrsa Oideachais Shóisialta. Ba cheart go mbeadh forléargas ar aidhmeanna an iniúchta ann freisin, chomh maith le faisnéis chúlra faoin gceist agus an bhaint atá ag an gceist le ceisteanna gaolmhara eile. Ba cheart go mbeadh an chuid seo mar fhráma tagartha don chuid eile d'iontrálacha na punainne.

**Cuid 2. Iontrálacha Punainne**

- Taifead ar phleanáil agus ar eagrú an iniúchta
- Taifead ar phleanáil agus ar eagrú an ghnímh
- Nithe ábhartha eile a bhaineann leis an iniúchadh agus/nó leis an ngníomh m.sh. ailt thacúla, póstaeir, cur síos ar aon taighde príomhúil a rinneadh srl.
- Achoimre ar fhíricí/ar an méid a foghlaimíodh faoin gceist

**Cuid 3. Taithí Thasc na Ceiste Comhaimseartha (Conclúid)**

Ba cheart go dtabharfaí tuairisc ghairid sa chuid seo ar thaithí an scoláire ar Thasc na Ceiste Comhaimseartha. Ba cheart go dtabharfaí an deis anseo don scoláire breathnú ar an gceist in athuair ón dearcadh atá anois aige, machnamh a dhéanamh ar thábhacht na ceiste dó féin agus breathnú chun tosaigh ar bhealaí ina bhféadfadh sé rudaí a d'fhoghlaim sé le linn na taithí seo a úsáid amach anseo.

### Tabhairt faoi agus Láimhseáil Thasc na Ceiste Comhaimseartha

Tá Tasc na Ceiste Comhaimseartha le cur i láthair ag deireadh Sheisiún III i mBliain 2 den chlár. Is ar an scoláire a luíonn an phríomhfhreagracht as an Tasc Scoláire seo. Is féidir le duine aonair nó le grúpa tabhairt faoi Thasc na Ceiste Comhaimseartha. I gcás Tasc Ceiste Comhaimseartha grúpa, tá sé tábhachtach go mbeadh cur síos foriomlán ar an iniúchadh agus ar an ngníomh ar tugadh faoi i bpunann an scoláire ach go ndíreofaí ag an am céanna ar obair agus ar thaithí foghlama aonair an scoláire. Tá sé seo tábhachtach le go mbeidh an scrúdaitheoir in ann tuiscint iomlán a dhéanamh ar an Tasc Ceiste Comhaimseartha grúpa agus ag an am céanna an obair a rinne an scoláire aonair sa tasc grúpa a aithint.

## Measúnú

Déantar measúnú ar Thasc na Ceiste Comhaimseartha ag deireadh Sheisiún III, Bliain 2.
Bunófar an measúnú ar

(a) Scrúdú ar ábhar na punainne (10 nóiméad ar fad)

agus

(b) Cur i láthair simplí ó bhéal ón scoláire don scrúdaitheoir a mhaireann 2 - 4 nóiméad, le rogha ábhar tacaíochta físiúil a úsáid, mar chuid d'agallamh aonair a mhairfidh 10 nóiméad ar a laghad.

### Critéir Mheasúnaithe

Déanfar an measúnú ar bhonn na gcritéar seo a leanas

- Cumas iniúchadh agus gníomh a bhaineann le ceist chomhaimseartha a roghnú agus a phleanáil go héifeachtach
- Tuiscint an scoláire ar an gceist agus a fheasacht ar an gcomhthéacs níos leithne
- Cumas an scoláire achoimre a dhéanamh ar thorthaí/fíricí na ceiste
- Cáilíocht na rannpháirtíochta sa ghníomh
- Cumas machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar an taithí a fuarthas trí bheith ag tabhairt faoi Thasc na Ceiste Comhaimseartha agus á chur i gcrích
- Cáilíocht an chomhtháthaithe foghlama
- Fianaise ar chur i bhfeidhm traschuraclaim
- Cáilíocht an chumais cumarsáide

### Leithdháileadh Creidiúintí

Bronnfar na deich gcreidiúint (5% de mharcanna iomlán an chláir) atá leithdháilte le haghaidh Thasc na Ceiste Comhaimseartha ar an mbonn seo a leanas

**9 - 10 gCreidiúint**

Míníonn an scoláire go han-soiléir cén fáth ar roghnaíodh an cheist áirithe seo. Cuireann sé/sí taifead iomlán agus dea-eagraithe i láthair ar an gcaoi ar pleanáladh agus ar cuireadh i bhfeidhm an t-iniúchadh agus an gníomh. Tá tuiscint an-soiléir ag an scoláire chomh maith ar an gceist agus tá sé an-chompordach á plé i gcomhthéacs níos leithne.

Tá fianaise an-soiléir ann ar chumas an scoláire achoimre a dhéanamh ar na príomhfhíricí/príomhthorthaí a bhailigh sé/sí ar an gceist. Tá ardleibhéal tiomantais agus cumais le feiceáil sa rannpháirtíocht sa ghníomh i dTasc na Ceiste Comhaimseartha. Déanann an scoláire machnamh agus meastóireacht iontaofa ar an taithí le linn an mheasúnaithe. Ní bhíonn aon deacracht aige/aici an méid a d'fhoghlaim sé/sí ón Tasc Scoláire seo a chur i bhfeidhm ar chásanna féideartha amach anseo. Léiríonn sé/sí fianaise freisin laistigh de Thasc na Ceiste Comhaimseartha ar chur i bhfeidhm traschuraclaim foghlama ó cúrsaí agus modúil eile de chuid chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí. Tá próiseas an chomhtháthaithe iontach soiléir ar fad. Ar deireadh, ag céim an agallaimh/cur i láthair, léiríonn an scoláire leibhéal iontach ard de chumas cumarsáide i dtaca le taithí Thasc na Ceiste Comhaimseartha a chur i láthair agus a chur in iúl.

**7 - 8 gCreidiúint**

Míníonn an scoláire go maith cén fáth ar roghnaíodh an cheist áirithe seo. Cuireann sé/sí taifead imleor agus eagraithe i láthair ar an gcaoi ar pleanáladh agus ar cuireadh i bhfeidhm an t-iniúchadh agus an gníomh. Tá tuiscint shoiléir ag an scoláire chomh maith ar an gceist agus tá sé compordach á plé i gcomhthéacs níos leithne.

Tá fianaise shoiléir ann freisin ar chumas an scoláire achoimre a dhéanamh ar na príomhfhíricí/príomhthorthaí a bhailigh sé/sí ar an gceist. Feictear rannpháirtíocht dhílis agus chumasach sa ghníomh i dTasc na Ceiste Comhaimseartha.

Déanann an scoláire roinnt machnaimh agus meastóireachta ar an taithí le linn an mheasúnaithe. Tá sé/sí in ann cuid den mhéid a d'fhoghlaim sé/sí ón Tasc Scoláire seo a chur i bhfeidhm ar chásanna féideartha amach anseo agus léiríonn roinnt fianaise ar chur i bhfeidhm traschuraclaim foghlama. Tá fianaise shoiléir ann ar phróiseas an chomhtháthaithe. Ar deireadh, ag céim an agallaimh/cur i láthair, léiríonn an scoláire leibhéal an-mhaith de chumas cumarsáide i dtaca le taithí Thasc na Ceiste Comhaimseartha a chur i láthair agus a chur in iúl.

**5 - 6 Chreidiúint**

Tugann an scoláire míniú réasúnta ar an bhfáth ar roghnaíodh an cheist áirithe seo. Cuirtear taifead teoranta i láthair ar an gcaoi ar pleanáladh agus ar cuireadh i bhfeidhm an t-iniúchadh agus an gníomh araon. Tá tuiscint réasúnta ag an scoláire chomh maith ar an gceist i gcomhthéacs níos leithne.

Tá cumas áirithe ag an scoláire achoimre a dhéanamh ar na príomhfhíricí/príomhthorthaí a bhailigh sé/sí ar an gceist. Feictear rannpháirtíocht shásúil sa ghníomh i dTasc na Ceiste Comhaimseartha. Déantar machnamh agus meastóireacht inghlactha ar an taithí le linn an mheasúnaithe. Bíonn deacracht aige/aici cuid den mhéid a d'fhoghlaim sé/sí ón Tasc Scoláire seo a chur i bhfeidhm ar chásanna féideartha amach anseo agus fianaise a léiriú ar chur i bhfeidhm traschuraclaim foghlama.
Tá fianaise réasúnta ann de phróiseas an chomhtháthaithe. Tá cumarsáid i dtaca leis an bpróiseas ag an agallamh, ó thaobh cur i láthair agus cur in iúl de, go maith.

**3 - 4 Chreidiúint**

Tugann an scoláire míniú teoranta ar an bhfáth ar roghnaíodh an cheist áirithe seo. Cuirtear taifead neamhleor i láthair ar an gcaoi ar pleanáladh agus ar cuireadh i bhfeidhm an t-iniúchadh agus an gníomh araon. Tá tuiscint theoranta ag an scoláire chomh maith ar an gceist agus bíonn deacracht aige í a phlé i gcomhthéacs níos leithne.

Ní léiríonn an scoláire mórán cumais achoimre a dhéanamh ar na príomhfhíricí/príomhthorthaí a bhailigh sé/sí ar an gceist. Níl ach rannpháirtíocht theoranta sa ghníomh. Déantar machnamh agus meastóireacht theoranta ar an taithí le linn an mheasúnaithe. Bíonn an-deacracht aige/aici aon chuid den mhéid a d'fhoghlaim sé/sí ón Tasc Scoláire seo a chur i bhfeidhm ar chásanna féideartha amach anseo ná fianaise a léiriú ar chur i bhfeidhm traschuraclaim foghlama. Is beag fianaise atá ann de phróiseas an chomhtháthaithe, más ann d'aon fhianaise.

Tá cumarsáid i dtaca leis an bpróiseas ag an agallamh, ó thaobh cur i láthair agus cur in iúl de, inghlactha.

**1 - 2 Chreidiúint**

Tugann an scoláire míniú iontach lag ar na fáthanna ar roghnaíodh an cheist áirithe seo. Cuirtear taifead neamhleor agus neamhiomlán i láthair ar an gcaoi ar pleanáladh agus ar cuireadh i bhfeidhm an t-iniúchadh agus an gníomh araon. Níl mórán tuisceana nó níl aon tuiscint ag an scoláire ar an gceist agus níl sé in ann í a phlé i gcomhthéacs níos leithne. Bíonn an-deacracht ag an scoláire achoimre a dhéanamh ar na príomhfhíricí/príomhthorthaí a bhailigh sé/sí ar an gceist. Níl ach beagáinín rannpháirtíochta nó níl aon rannpháirtíocht sa ghníomh. Is beag fianaise atá ann go ndearna an scoláire aon mhachnamh nó meastóireacht ar an taithí. Níl sé/sí in ann aon chuid den mhéid a d'fhoghlaim sé/sí ón Tasc Scoláire seo a chur i bhfeidhm ar chásanna féideartha amach anseo. Níl an cur i bhfeidhm traschuraclaim ná próiseas an chomhtháthaithe le sonrú. Tá cumarsáid i dtaca leis an bpróiseas ag an agallamh, ó thaobh cur i láthair agus cur in iúl de, iontach lag.

**0 Creidiúint**

Tá Tasc na Ceiste Comhaimseartha neamhstruchtúrtha agus neamhchríochnaithe, níl aon fhianaise ar rannpháirtíocht le sonrú agus ní ann d'aon mhachnamh agus meastóireacht.

Is beag cumas atá léirithe ag an scoláire i dtaca le haon chuid den phróiseas a chur i láthair agus a chur in iúl.

# Sonraíocht Ardteistiméireachta Feidhmí le haghaidh an Taisc Gnóthachtála Praiticiúla

## Nádúr an Taisc Gnóthachtála Praiticiúla

Faoin Tasc Gnóthachtála Praiticiúla, tugann an scoláire faoi thasc suntasach atá praiticiúil agus/nó fiontraíoch agus cuireann sé i gcrích é thar thréimhse thrí mhí. Roghnaíonn an scoláire rud éigin sonrach ar mhaith leis/léi é a bhaint amach le linn tréimhse sonraithe ama. Don Tasc Gnóthachtála Praiticiúla, caithfear fianaise inbhraite a bhailiú ar ar baineadh amach, lena n-áirítear fianaise ar dhul chun cinn le linn thréimhse an taisc. Is tasc aonair é seo.

## Cuspóir

Is é cuspóir an Taisc Gnóthachtála Praiticiúla deis a thabhairt don scoláire díriú ar ghnóthachtáil faoi leith agus dul i mbun pleanála, rannpháirtíochta, dul chun cinn agus cur i gcrích gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngnóthachtáil seo. Agus an scoláire ag tabhairt faoi seo, ba cheart go n-aireodh sé go láidir go bhfuil sé ag baint rud éigin fiúntach amach.

D'fhéadfadh sé go n-áireofaí mar ghnóthachtáil

- Scil reatha nó nua a fhorbairt (m.sh. scil spóirt, scil cheoil)
- Tabhairt faoi thionscnamh
- Táirge a fhorbairt
- Seirbhís a chur ar fáil

Tríd an tasc seo, is féidir le scoláirí creidiúint a fháil ar rudaí a bhaineann siad amach taobh amuigh d'am scoile.
I dtéarmaí ginearálta, is é is cuspóir leis an Tasc Gnóthachtála Praiticiúla ná deis a chur ar fáil don scoláire chun

- Tabhairt faoi thasc praiticiúil
- Scileanna a fhorbairt maidir le leagan amach spriocanna
- Scileanna pleanála agus machnaimh a fhorbairt
- Coinneáil le gníomhaíocht sa spriocréimse
- Mothúchán na máistreachta agus na gnóthachtála a bhaint amach

## Struchtúr an Taisc Gnóthachtála Praiticiúla

Ba cheart breathnú ar an Tasc Gnóthachtála Praiticiúla ina thrí chéim.

**An Chéad Chéim**

Is é príomhthoradh nó príomhfhianaise na chéad chéime ná ráiteas bunaidh ón scoláire. Is féidir an ráiteas bunaidh a chur i láthair i bhfoirm scríofa, físeáin nó fuaime. Ba cheart go mbeadh an ráiteas bunaidh thart ar 200 focal ar fad, agus is é 2 nóiméad an t-uasfhad do ráiteas bunaidh i bhfoirm fuaime nó físe.

Le tús a chur leis, leagann an scoláire amach ar a laghad trí rogha don ghnóthachtáil. Breathnaíonn an scoláire ar na roghanna seo agus aithníonn sé gnóthachtáil amháin a bhfuil sé ag iarraidh díriú agus oibriú air. Caithfear tuairisc ar an bpróiseas cinnidh seo a chur san áireamh sa ráiteas bunaidh. Ba cheart go mbainfeadh an fhianaise shonrach a chuirfear i láthair ag deireadh an taisc leis an ngnóthachtáil shonrach ar dhírigh an scoláire air, áfach.

Chomh maith le haithint na gnóthachtála, ba cheart go n-áireofaí sa ráiteas bunaidh forléargas ar na haidhmeanna, plean chun tabhairt faoin ngnóthachtáil agus í a chur i gcrích agus dáta críche. Is féidir tús a chur leis an Tasc Gnóthachtála Praiticiúla i dtreo dheireadh Sheisiún II i mBliain 1 nó ag tús Sheisiún III i mBliain 2. Is gá don scoláire agus do bhainisteoirí na scoile nó ionadaí an scoláire an ráiteas bunaidh a shíniú agus a dheimhniú (roimh dheireadh mhí Bealtaine i gcás an scoláire agus roimh dheireadh mhí Mheán Fómhair i gcás an bhainisteora/ionadaí). Is trí mhí ar a laghad an tréimhse atá i gceist le tabhairt faoi agus baint amach na gnóthachtála. Le linn na tréimhse seo, caithfidh an scoláire a bheith rannpháirteach go rialta i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngnóthachtáil.

### An Dara Céim

Le linn an dara céim, tugann an scoláire faoin tasc trí thabhairt faoin ngnóthachtáil phraiticiúil ag an leibhéal cuí. Sa chomhthéacs seo, ba cheart go mbeadh fianaise shoiléir ann ar dhul chun cinn an scoláire ón áit ar thosaigh sé/sí amach go baint amach na spriocanna sonraithe. Is gá don scoláire loga nó taifead a choinneáil ina bhfuil cur síos ar a rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht agus measúnú ar a d(h)ul chun cinn. Caithfear dul chun cinn a bheith le sonrú ar an loga/taifead, caithfidh iontrálacha a bheith ann le linn thréimhse an Taisc Gnóthachtála Praiticiúla agus caithfidh íosmhéid de chúig iontráil a bheith ann. Le barántúlacht an loga/taifid a dheimhniú, caithfidh an scoláire agus an bainisteoir scoile nó ionadaí an scoláire na hiontrálacha a shíniú.

Chomh maith leis an loga/taifead, ba cheart don scoláire fianaise tacaíochta eile a chruinniú le chéile mar fhianaise ar an ngnóthachtáil. D'fhéadfaí a áireamh mar fhianaise taifead ar fheidhmíocht, ábhar físe, teastais, grianghraif, taifid scríofa srl. Dhá fhoinse fianaise a theastóidh. Caithfear gach fianaise a dheimhniú.

I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeadh teastas ó fhoras creidiúnaithe cruthaithe a bheith i gceist leis an bhfianaise. Beidh deimhniú ag teastáil le haghaidh fianaise eile. Sa chomhthéacs seo, is iad na daoine fásta a rinne maoirseacht nó monatóireacht ar ghnóthachtáil phraiticiúil an scoláire, a bhfuil eolas acu ar réimse na gnóthachtála, agus ar féidir leo rannpháirtíocht agus dul chun cinn a fhíorú, a bheidh mar fhíoraitheoirí na fianaise.

**An Tríú Céim**

I rith an tríú céim, críochnaíonn an scoláire an gnóthachtáil phraiticiúil agus ullmhaíonn sé le haghaidh measúnaithe. Éilíonn an chéim seo ar an scoláire ráiteas deiridh a ullmhú ina bhfuil machnamh agus meastóireacht ar a rannpháirtíocht agus ar a dhul chun cinn le linn gach céim den Tasc Gnóthachtála Praiticiúla. D'fhéadfaí an ráiteas deiridh a chur i láthair i bhfoirm scríofa, físeáin agus/nó fuaime. Ba cheart go mbeadh ráiteas scríofa tuairim is 400 focal ar fad agus ba cheart go mbeadh an tréimhse uasta do ráiteas i bhformáid fuaime nó físe trí nóiméad.
Go hachomair, caithfear cúig mhír a chur i láthair le haghaidh measúnaithe nuair a bheidh an Tasc Gnóthachtála Praiticiúla críochnaithe.

- Ráiteas tosaigh ón scoláire
- Loga nó taifead ar dhul chun cinn an scoláire (le cúig iontráil ar a laghad)
- Dhá fhoinse fianaise a fhíoraíonn gnóthachtáil an scoláire
- Ráiteas deiridh ón scoláire

## An Tasc Gnóthachtála Praiticiúla a Dhéanamh agus a Bhainistiú

Tá an Tasc Gnóthachtála Praiticiúla le cur i láthair ag deireadh Sheisiún III i mBliain 2 den chlár.

Is ar an scoláire féin a luíonn an phríomhfhreagracht as an tasc seo. Ba cheart dó/di cuid den obair agus den ghníomhaíocht a bhaineann leis an ngnóthachtáil a chur i gcrích ina c(h)uid ama féin. Dá réir sin, ní mór neamhspleáchas a thabhairt don scoláire gnóthachtáil phraiticiúil a roghnú atá fiúntach agus dúshlánach go pearsanta. Ag an tús, ní mór an scoláire a chur ar an eolas faoi pharaiméadair agus riachtanais an Taisc Gnóthachtála Praiticiúla.

Ní mór don ghnóthachtáil a bheith

- An-phraiticiúil
- Dúshlánach don scoláire sa mhéid is go léiríonn sé tasc suntasach a éilíonn rannpháirtíocht rialta aige/aici thar thréimhse trí mhí ar a laghad
- Réalaíoch don scoláire aonair lena mbaineann sé, fíor-dheis a thabhairt don scoláire an leibhéal ratha atá beartaithe a bhaint amach
- Acmhainneacht a thairiscint chun fianaise ar ghnóthachtáil phraiticiúil a charnadh

- Gan a bheith ina rud a cuireadh isteach le haghaidh measúnaithe cheana féin ach d'fhéadfadh sé tógáil ar chaitheamh aimsire, scileanna nó gnéithe ar leith de Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí atá forbartha agus/nó déanta ag an scoláire cheana féin

Ba cheart baint leathan a bheith ag an ngnóthachtáil phraiticiúil le haidhmeanna na hArdteistiméireachta Feidhmí agus d'fhéadfadh sé a bheith laistigh de cheann de na catagóirí seo a leanas

- Rannpháirtíocht an Phobail
- Gníomhaíocht fiontraíochta
- Fisiciúil/fóillíocht
- Scil phraiticiúil
- Monarú táirgí
- Seirbhís a chur ar fáil
- Imeacht a eagrú
- Gníomhaíocht eachtraíochta

Beidh meantóireacht ag teastáil ó scoláirí ag gach céim den Tasc Gnóthachtála Praiticiúla. Ag an gcéad chéim, ba cheart cabhrú leis na scoláirí éachtaí fíorphraiticiúla dúshlánacha a roghnú a ligfidh dóibh an leibhéal ratha atá beartaithe a bhaint amach. Ba cheart go gcabhródh an ‘meantóir’ leis an scoláire gnóthachtáil phraiticiúil chuí a roghnú.

Nuair a dhéantar an rogha glacann an scoláire freagracht fhoriomlán air féin agus ullmhaíonn sé plean gníomhaíochta a mhíníonn conas a dhéanfar agus a chríochnófar an gnóthachtáil. Le linn an dara céim, déanann an scoláire an ghníomhaíocht agus taifeadann sé dul chun cinn sa loga/taifead. Ba cheart don mheantóir dáta/dátaí a shocrú chun breathnú ar an loga/taifead, nuashonrú a fháil ar dhul chun cinn leanúnach, plé a dhéanamh leis an scoláire ar an ngá atá le spriocanna a athmheasúnú agus pleananna a athrú más gá, agus comhairle a thabhairt maidir le deimhniú. Ba chóir don mheantóir bualadh leis an scoláire ag an gcéim thosaigh, uair amháin ar a laghad le linn na gníomhaíochta atá beartaithe agus ag an deireadh chun cabhrú leis an scoláire ullmhú le haghaidh measúnaithe.

## Measúnú

Déantar an Tasc Gnóthachtála Praiticiúla a mheasúnú ag deireadh Sheisiún III Bliain 2, ar bhonn punainne a bhaineann leis an ngnóthachtáil phraiticiúil shonrach a roghnaíonn an scoláire agus le hagallamh nach lú ná 5 nóiméad leis an scoláire ag an scrúdaitheoir. Ní mór na cúig mhír atá

aitheanta i gCuid 3 den tsonraíocht seo a bheith sa phunann. Mar threoirlíne, ba cheart méid a bheith sna míreanna punainne lena n-éascaítear scrúdú a dhéanamh air faoi 10-15 nóiméad.

### Critéir Mheasúnaithe

Déanfar an measúnú ar bhonn na gcritéar seo a leanas

- Cumas chun gnóthachtáil phraiticiúil a roghnú agus a phleanáil go héifeachtach
- Cáilíocht na rannpháirtíochta sa ghníomhaíocht agus na fianaise den dul chun cinn agus gnóthachtáil a soláthraíodh
- Cumas machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar an taithí a fuarthas trí bheith ag tabhairt faoin Tasc Gnóthachtála Praiticiúla agus á chur i gcrích
- Cáilíocht an chomhtháthaithe foghlama
- Fianaise ar chur i bhfeidhm traschuraclaim
- Cáilíocht an chumais cumarsáide

### Leithdháileadh Creidiúintí

Bronnfar na deich gcreidiúint (5% de mharcanna iomlán an chláir) a dháiltear don Tasc Gnóthachtála Praiticiúla ar an mbonn seo a leanas.

**9 - 10 gCreidiúint**

Míníonn an scoláire an próiseas cinnteoireachta a lean sé go soiléir fad agus a bhí sé ag roghnú a ghnóthachtáil phraiticiúil. Socraíonn sé/sí spriocanna iontach soiléir agus léiríonn leibhéal ard pleanála sa ráiteas tosaigh.

Tá fianaise shoiléir ann freisin de chumas an scoláire eagrú éifeachtach a dhéanamh i leith, dul i ngleic le, dul chun cinn a dhéanamh leis mar aon leis an bpróiseas chun an sprioc a chur i gcrích. Mar chuid den phróiseas leanúnach, déanann an scoláire meastóireacht agus athbhreithniú chomh maith ar na bunspriocanna agus déanann oiriúnú ar an bplean gníomhaíochta nuair is cuí.

Sa ráiteas deiridh téann an scoláire i ngleic go háititheach leis an taithí a athbhreithniú, a mheas agus a léirmhíniú chomh maith lena chur i bhfeidhm ar iarrachtaí amach anseo a léiriú. Léiríonn sé/sí fianaise laistigh den Tasc Gnóthachtála Praiticiúla ar chur i bhfeidhm traschuraclaim foghlama ó cúrsaí agus modúil eile de chuid na hArdteistiméireachta Feidhmí. Tá próiseas an chomhtháthaithe thar a bheith soiléir. Ag an agallamh, léiríonn an sé/sí leibhéal iontach ard de chumas cumarsáide i dtaca le taithí na gnóthachtála praiticiúla a chur i láthair agus a chur in iúl.

**7 - 8 gCreidiúint**
Tugann an scoláire míniú maith ar an gcaoi agus ar an bhfáth ar roghnaigh sé a Thasc Gnóthachtála Praiticiúla. Leagann sé/sí spriocanna soiléire amach agus léiríonn sé/sí leibhéal pleanála an-mhaith sa ráiteas tosaigh. Léiríonn cur chuige an scoláire i leith an Taisc Gnóthachtála Praiticiúla a dhéanamh agus a chríochnú dea-eagrú agus tiomantas - táirgeann sé/sí fianaise agus léiríonn sé/sí pleanáil, eagrú, rannpháirtíocht agus dul chun cinn maidir leis na spriocanna atá leagtha síos a bhaint amach. Tá fianaise mhaith ann go ndearna an scoláire athbhreithniú agus meastóireacht ar a dhul chun cinn agus é/í ag dul ar aghaidh chun an Tasc Gnóthachtála Praiticiúla a chur i gcrích.

Sa ráiteas deiridh léiríonn an scoláire cumas an-mhaith chun an taithí agus an fhoghlaim a athbhreithniú, a mheas agus a léirmhíniú, agus lena chur i bhfeidhm maidir le hiarrachtaí sa todhchaí a thaispeáint. Léiríonn sé/sí roinnt fianaise laistigh den Tasc Gnóthachtála Praiticiúla ar chur i bhfeidhm traschuraclaim foghlama. Tá fianaise shoiléir ann ar phróiseas an chomhtháthaithe.

Ag an agallamh is cumarsáidí an-mhaith é an scoláire, maidir leis an taithí ar an ngnóthachtáil phraiticiúil a chur i láthair agus a chur in iúl.

**5 - 6 Chreidiúint**
Tá tuiscint áirithe ag an scoláire ar an gcaoi agus ar an bhfáth ar roghnaigh sé a Thasc Gnóthachtála Praiticiúla áirithe. Socraíonn sé/sí spriocanna soiléire agus léiríonn leibhéal maith pleanála.
Tá roinnt fianaise ann chun leibhéal rannpháirtíochta agus tabhairt chun críche a thaispeáint. Déantar an dul chun cinn maidir le gnóthachtáil a logáil agus a fhíorú go leordhóthanach.

Tá fianaise theoranta ann go ndearna an scoláire athbhreithniú agus meastóireacht ar a dhul chun cinn agus é/í ag dul ar aghaidh chun an Tasc Gnóthachtála Praiticiúla a chur i gcrích. Bíonn deacracht aige/aici fianaise a léiriú ar chur i bhfeidhm traschuraclaim foghlama. Tá fianaise réasúnta ann de phróiseas an chomhtháthaithe.

Tá cur in iúl an phróisis, ó thaobh cur i láthair agus cur i bhfocail araon, go maith ag an agallamh.

**3 - 4 Chreidiúint**
Níl ach tuiscint theoranta ag an scoláire ar an gcaoi agus ar an bhfáth ar roghnaigh sé a Thasc Gnóthachtála Praiticiúla áirithe. Léiríonn sé/sí cumas éigin chun spriocanna a leagan síos agus an gníomh a theastaíonn chun an ghnóthachtáil a chur i gcrích a phleanáil.

Tá fianaise ar ghnóthachtáil bunúsach i nádúr. Bíonn rannpháirtíocht de chineál ann leis an ngníomhaíocht ach go ginearálta ní bhíonn dóthain spreagtha ag cur chuige an scoláire. Tá an machnamh agus meastóireacht ar an taithí baoth.

Bíonn deacracht aige/aici fianaise a chur in iúl ar chur i bhfeidhm traschuraclaim.

Is beag fianaise atá ann de phróiseas an chomhtháthaithe, más ann d'aon fhianaise. Tá cumarsáid i dtaca leis an bpróiseas ag an agallamh, ó thaobh cur i láthair agus cur in iúl de, inghlactha.

**1 - 2 Chreidiúint**

Tugann an scoláire míniú an-lag ar an bhfáth ar roghnaigh sé/sí an Tasc Gnóthachtála Praiticiúla áirithe. Léiríonn sé/sí droch-chumas chun spriocanna a leagan síos agus an gníomh a theastaíonn chun an ghnóthachtáil a chur i gcrích a phleanáil.

Tá leibhéal íseal rannpháirtíochta ann leis an ngníomhaíocht. Is beag machnaimh nó meastóireachta ar an taithí. Níl an cur i bhfeidhm traschuraclaim ná próiseas an chomhtháthaithe le sonrú.
Tá cur in iúl an phróisis, ó thaobh cur i láthair agus cur i bhfocail araon, go dona ag an agallamh.

**0 Creidiúint**

Tá an Tasc Gnóthachtála Praiticiúla neamhstruchtúrtha agus neamhchríochnaithe, níl aon fhianaise de rannpháirtíocht le sonrú agus níl machnamh agus meastóireacht le sonrú.

Is beag cumas atá léirithe ag an scoláire i dtaca leis an bpróiseas a chur i láthair nó a chur i bhfocail.

# Breac-chuntas ar Thascanna Scoláire Cuid 3: Na Cúig Phríomhchéim den Phróiseas Taisc Scoláire

## Na Cúig Phríomhchéim den Phróiseas Taisc Scoláire

Sa chuid seo den leabhar cuirtear roinnt príomhcheisteanna a bhaineann leis na cúig chéim mhóra i bpróiseas an Taisc Scoláire i láthair. Ba cheart go gcabhróidh na ceisteanna seo chun próiseas Taisc Scoláire a shoiléiriú don mhúinteoir agus don scoláire araon. Pléitear le príomhcheisteanna a bhaineann leis an Tasc Machnaimh Phearsanta go leithleach ag deireadh na míre seo.

***Nóta maidir le Comhtháthú***

*Is gné an-tábhachtach de Thasc Scoláire é comhtháthú. Ba cheart an scoláire a spreagadh chun féachaint ar an tasc chun naisc níos comhleanúnaí a dhéanamh idir na coincheapa, na scileanna, na hinniúlachtaí, an taithí, an t-eolas agus an tuiscint a bheadh forbartha agus/nó sealbhaithe aige trí chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí ina iomláine. Cabhróidh cuid de na príomhcheisteanna thíos leis an scoláire leis an bpróiseas seo.*

***Nóta maidir le Litearthacht agus Uimhearthacht***

*Tá forbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta gach scoláire i gcroílár an chláir Ardteistiméireachta Feidhmí. Ba cheart Tascanna Scoláire a úsáid mar dheis chun forbairt na scileanna seo a chur chun cinn.*

### Roghnú agus Pleanáil

**Réamhrá**

Tá sé riachtanach go mbeadh baint ghníomhach ag an scoláire leis an Tasc Scoláire a roghnú agus go mbeadh ábhar an taisc spéisiúil dó/di. Ba cheart go mbeadh pé rud a bheartaíonn an scoláire tabhairt faoi laistigh dá réimse cumais agus oiriúnach i gcomhthéacs an chláir. Ba cheart úrmhaireacht a spreagadh i gcónaí.

Ní mór gach Tasc Scoláire a chur i gcrích agus a chur i láthair chun measúnú a dhéanamh air faoi dheireadh Seisiún áirithe thar dhá bhliain an chláir. Ba cheart go dtógfadh sé deich n-uair an chloig ar a laghad ar scoláire tasc a chur i gcrích. Caithfear tuilleadh ama a chaitheamh chun na doiciméid tacaíochta/tuarascáil a ullmhú a bhaineann leis an Tasc Scoláire ar leith. Ba cheart don scoláire spriocdhátaí a shocrú chun comhpháirteanna éagsúla den tasc a chur i gcrích agus chun bualadh lena m(h)úinteoir chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn.

Tá sé tábhachtach go gcinntíonn an múinteoir go gcuirtear am ar leataobh le linn an tSeisiúin ionas gur féidir leis an scoláire an Tasc Scoláire a chur i gcrích agus a t(h)uarascáil a ullmhú.

**Príomhcheisteanna**

Tá roinnt ceisteanna bunúsacha ann nach mór don scoláire a chur air/uirthi féin agus é/í ag tabhairt faoina T(h)asc Scoláire a phleanáil. Ba cheart go bhféachfadh an scoláire ar na ceisteanna seo a leanas agus go mbeadh freagraí aige orthu sula dtugann sé faoin Tasc Scoláire. De réir mar a théann an Tasc Scoláire ar aghaidh, is féidir go mbeadh ar an scoláire filleadh ar a chuid freagraí tosaigh ar na ceisteanna seo agus athmhachnamh a dhéanamh orthu.

- Cad a shílim a bheidh i gceist le mo Thasc Scoláire? Cén fáth ar roghnaigh mé an Tasc Scoláire seo?
- Cén cúrsa/cúrsaí ina bhfuil an Tasc Scoláire bunaithe? An mbeidh sé ina Thasc Scoláire ar bhonn indibhidiúil nó mar chuid de ghrúpa?
- Cad iad na codanna den Tasc Scoláire a shílim go mbeidh go maith acu? Cad iad na codanna a mbeidh cabhair ag teastáil uaim leo?
- Cén múinteoir a chuirfidh spéis ar leith i mo Thasc Scoláire? Cad atá mé ag iarraidh a fháil amach leis an Tasc Scoláire seo a dhéanamh?
- Cé leis ar phléigh mé an smaoineamh seo?
- Cad atá ar eolas agam cheana féin faoi mo smaoineamh maidir le Tasc Scoláire? Cad eile a chaithfidh mé a fháil amach faoin smaoineamh seo?
- Cad iad na scileanna a theastaíonn uaim a fhorbairt?
- Conas a gheobhaidh mé an t-eolas seo agus/nó conas a fhorbróidh mé na scileanna seo? Cé hiad na daoine ar gá dom labhairt leo agus/nó scríobh chucu?
- An bhfuil áiteanna ann nach mór dom cuairt a thabhairt orthu? An bhfuil rudaí ann nach mór dom a fheiceáil?
- Cad iad na hábhair agus an trealamh a theastaíonn uaim agus cé mhéad a chosnóidh siad seo?
- Cad is féidir le cúrsaí eile go háirithe cabhrú leis an Tasc Scoláire a chur i gcrích?
- Conas a chuirfidh mé an Tasc Scoláire seo i láthair?

Má tá an scoláire páirteach i dtasc grúpa ansin tá ceisteanna tábhachtacha eile le freagairt aige.

- Cé mhéad scoláire atá i mo ghrúpa? Cé go díreach atá i mo ghrúpa?
- Cén bua atá ag gach ball den ngrúpa? Cad é a dhéanfaidh gach ball den ghrúpa? Cad iad na sonraí de rud a dhéanfaidh mé?
- An bhfuil tuiscint mhaith agam ar an tasc ar fad?
- An bhfuil mé soiléir conas a oireann m'ionchur don tasc grúpa seo? An bhfuilimid chun oibriú go maith le chéile?
- An bhfuil a dhóthain le déanamh agam?

- Cad iad na codanna dár dtasc críochnaithe grúpa a bheidh cosúil lena chéile agus a bheidh difriúil do na daoine aonair atá rannpháirteach?

Is gné thábhachtach é bainistíocht ama chun Tasc Scoláire a dhéanamh. I measc na gceisteanna ba cheart don scoláire a chur maidir leis seo tá:

- Cé mhéad ama atá agam chun an Tasc Scoláire seo a dhéanamh?
- An bhfuilim ag glacadh leis an iomarca nó nach bhfuil san am atá ar fáil agam? Cad é mo dháta tosaigh?
- Cad é mo dháta críochnaithe?
- An féidir liom breac-chuntas ar an ordú agus ar na dátaí a bhfuiltear ag súil lena chríochnú a tháirgeadh do phríomhpháirteanna mo Thasc Scoláire?
- An bhfuil seicliosta agam le coinneáil ar an mbóthar ceart? Conas a thosóidh mé?
- Cé hé an múinteoir atá á thairgeadh comhairle agus treoir dom maidir leis an Tasc Scoláire seo agus cad iad na dátaí a shocraigh mé bualadh leis/léi?
- An bhfuil liosta agam de na rudaí is gá dom a fháil agus faoi am ar leith?
- Cad a dhéanfaidh mé mura féidir liom cloí le mo sceideal ama/pleanála?
- Cad a d'fhéadfadh mé a mhoilliú nó cur as dom an Tasc Scoláire seo a dhéanamh?

Má tá mé ag obair ar thasc grúpa...

- An mbeidh cruinnithe pleanála ag an ngrúpa chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn? Cathain a choinneoimid iad agus cá háit agus cá mhéad a bheidh againn? Cén dóigh a ndéanfar cinntí?
- An mbeidh m'ionchur cothrom le gach duine eile sna cinntí seo?
- Conas a bheimid cinnte go gcríochnóimid an Tasc Scoláire seo in am?

## Cur i bhfeidhm

### Réamhrá

Nuair a bheidh a thasc roghnaithe agus pleanáilte go cúramach ag an scoláire ba cheart dó dul ar aghaidh anois chun an Tasc Scoláire a chur i bhfeidhm.

### Príomhcheisteanna

- Cad iad na modhanna atá in úsáid agam chun m'eolas a fháil nó chun a thaispeáint cad atá i gceist le mo Thasc Scoláire?
- Cad é an trealamh speisialta agus/nó na hábhair atá in úsáid agam?

- An dteastaíonn cead/maoirseacht uaim chun an trealamh a theastaíonn uaim a úsáid/a láimhseáil? An bhfuil gach rud á choinneáil agam in áit shábháilte?
- An bhfuil mé ag cloí le mo phlean/sceideal?
- An bhfuilim ag déanamh monatóireachta ar mo dhul chun cinn go cúramach?
- An féidir liom cinntí a dhéanamh liom féin nó an gá dom dul i gcomhairle le duine éigin?
- An féidir liom aon rud eile a d'fhoghlaim mé a aithint chun cabhrú liom cinntí a dhéanamh faoi mo Thasc Scoláire?
- Ar bhreithnigh mé roinnt réiteach féideartha maidir le fadhbanna ar bith ar tháinig mé orthu i mo Thasc Scoláire?
- Ar chuir mé go leor de mo chuid smaointe féin san áireamh?

Má tá mé ag obair ar thasc grúpa...

- Cén dóigh a réiteoidh muid fadhbanna sa ghrúpa?
- Cad iad na scileanna eile atá againn ar féidir linn a úsáid?

## Taifeadadh agus Cur i bhFeidhm ar Bhonn Traschuraclaim

### Réamhrá

Tá sé tábhachtach go gcoinníonn an scoláire taifead/loga ar a dhul chun cinn.
Cabhróidh sé seo le fócas agus ord a chinntiú. Ní chuimsíonn sé seo féin tuarascáil Thasc Scoláire ach d'fhéadfadh sé a bheith mar chuid den tuarascáil Thasc Scoláire. Lena chois sin, ba cheart don scoláire fianaise chuí a chur ar fáil faoin taighde agus faoin mbailiú eolais a rinneadh e.g. cóipeanna de litreacha scríofa/faighte, creidmheas a thabhairt d'fhoinsí eolais etc.

Tá sé tábhachtach leis, go gcuimseoidh an scoláire cur i bhfeidhm traschuraclaim a bhfuil fiúntach agus tábhacht leis chuig Tascanna Scoláire ar leith. Is é is cur i bhfeidhm traschuraclaim ann, nuair a thógfadh scoláire, go coinsiasach, gné de chúrsa ar a mbeadh staidéar déanta aige nó aici, seachas an cúrsa ar a bhfuil an Tasc Scoláire bunaithe, agus an ghné sin a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil bríoch sa Tasc Scoláire.
Is réimsí éigeantacha de chur i bhfeidhm traschuraclaim sna Tascanna Ullmhú don Obair iad Feidhmeanna Matamaiticiúla agus Teicneolaíocht na Faisnéise. Níor cheart go stopfadh sé seo scoláirí de bheith ag cur i bhfeidhm foghlaim ó thuilleadh réimsí den churaclam ar na Tascanna Scoláire áirithe seo.

### Príomhcheisteanna

- An mbainfidh mé úsáid as dialann nó logleabhar nó modh éigin eile chun gach rud atá déanta agam a thaifeadadh?
- Conas a dhéanfaidh mé an méid atá faighte amach agam a thaifeadadh?
- An ndéanfaidh mé líníochtaí, pleananna, físeáin, grianghraif, táirge etc. ar bith a bheidh mar chuid de Thasc Scoláire?
- An mbeidh cóipeanna de na litreacha go léir a sheol mé san áireamh agam fiú mura bhfuil aon fhreagra faighte agam? An gcuirfidh mé cóipeanna d'agallaimh, ceistneoirí etc. san áireamh?
- An bhfuil liosta curtha ar fáil agam de na leabhair, dá n-údair agus d'fhoilsitheoirí a ndeachaigh mé i gcomhairle leo nó ar fhéach mé orthu?
- Ar chuir mé innéacs san áireamh ag tús mo thuarascála chun na codanna éagsúla a thaispeáint?
- An mian liom aitheantas a thabhairt do chabhair duine ar bith?
- Cén cúrsaí Ardteistiméireachta Feidhmí eile a d'úsáid mé chun cabhrú liom mo Thasc Scoláire a chur i gcrích?
- Cad a thóg mé ó na cúrsaí seo chun cabhrú liom mo Thasc Scoláire a chríochnú? An scil, eolas nó smaoineamh a bhí ann?
- An raibh aon bhealach eile ann a bhféadfainn úsáid a bhaint as na cúrsaí seo i mo Thasc Scoláire? An raibh aon chúrsa eile a d'fhéadfainn a úsáid?
- An bhfuil tagairt déanta agam do na cúrsaí seo i mo thuarascáil?

Má tá mé ag obair ar thasc grúpa...

- An bhfuil gach duine soiléir faoina bhfuil le déanamh acu agus faoin bpáirt atá acu sa Tasc Scoláire ar an iomlán?
- An bhfuil ag éirí lenár gcruinnithe?
- An bhfuil ionchuir fhiúntacha á ndéanamh agam sna cruinnithe? An bhfuil glacadh le mo chuid smaointe?
- An bhfuilimid de réir sceidil?
- An bhfuilimid ag obair mar fhoireann nó an bhfuil gach duine ag dul a mbealach féin?
- An bhfuilimid ag caint lena chéile agus ag roinnt ár gcuid smaointe agus taithí?

## Athbhreithniú agus Meastóireacht

### Réamhrá

Seo an áit a dtarraingíonn an scoláire torthaí agus taithí an Taisc Scoláire le chéile agus a bhaineann brí astu. Lena chois sin ba cheart don scoláire tabhairt faoi fhéinmheastóireacht fhíor agus chriticiúil ar a chuid oibre.

**Príomhcheisteanna**

- Cad a d'fhoghlaim mé ón eolas a bhailigh mé/ón léiriúchán a raibh baint agam leis/ón táirge a tháirg mé/ón ngníomh a rinne mé don Tasc Scoláire seo?
- Conas a chuir sé seo i gcomparáid leis an méid a bhí súil agam a fhoghlaim ag tús an Taisc Scoláire?
- Cé chomh maith agus a chloígh mé le mo phlean?
- Cad é an rud is mó a thaitin liom faoin Tasc Scoláire seo a dhéanamh? Cad nár thaitin liom faoin Tasc Scoláire seo a dhéanamh?
- Cad iad na codanna a rinne mé go maith agus cén fáth a gceapaim go ndearna mé iad seo go maith?
- Má tá rud éigin déanta agam, an bhfuil sé sábháilte a láimhseáil agus ag cáilíocht mhaith? Ar ghlac rud ar bith níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis?
- Cad iad na codanna a bhí an-deacair, agus a bhí éasca a dhéanamh agus cén fáth? Má bhí an Tasc Scoláire seo á dhéanamh agam arís, cad a d'fhéadfainn a fheabhsú?
- Cé chomh cabhrach is a bhí daoine maidir le heolas a thabhairt dom, taispeáint dom conas rudaí a dhéanamh etc?
- Ar tháinig mé ar aon chonstaic gan choinne agus an tasc á chríochnú? Conas a sháraigh mé na constaicí seo?

Má tá mé ag obair ar thasc grúpa...

- An raibh mé sásta leis an tasc a bhí le déanamh agam? Cén t-ionchur a rinne mé?
- Conas a d'éirigh lenár bhfoireann?
- Cé chomh maith agus a d'oibrigh mé mar chuid d'fhoireann?
- Cad iad na rudaí maithe faoi bheith mar chuid d'fhoireann? Cé chomh maith agus a tháinig an tasc ar fad le chéile?
- Má bhí mé ag dul a bheith ag obair i dtasc foirne arís, an gcaithfí aon rud a athrú ar an mbealach ar oibríomar le chéile nó na poist a roinnt amach?
- An mbeinn sásta an post/ról a bhí agam a choinneáil nó an n-athróinn do phost eile nó do rud éigin nár smaoinigh mé air ar chor ar bith?
- Cé chomh soiléir is atá mé, agus cé chomh soiléir is atá mo chur i láthair, maidir le cé a rinne gach beart? Ar an iomlán cad a d'fhoghlaimíomar mar ghrúpa?

## Cur i láthair agus Cur in iúl

**Réamhrá**

Maidir le cur i láthair, taispeánann na Tascanna Scoláire is fearr soiléireacht maidir le haidhm, inbhainistitheacht ábhar/topaicí agus comhsheasmhacht fócais ar fud na hoibre.

Cuirtear i láthair go tarraingteach iad trí úsáid a bhaint as réimse cuí modheolaíochtaí. Tá sé tábhachtach go dtaispeánfadh an scoláire indibhidiúlacht seachas cur i láthair steiréitipiciúil. Tá deis cruthaitheachta ann i bhformáid agus i léaráid.

Tagann roghnaíocht i bhfeidhm freisin - uaireanta bíonn níos lú i gceist agus beidh seicheamh loighciúil soiléir níos fearr ná raidhse eolais gan eagarthóireacht.

Ba cheart go mbeadh an tuarascáil a ghabhann leis gonta agus dírithe. Le linn an agallaimh, déanfar measúnú ar chumas an scoláire a t(h)asc a chur in iúl sa tuarascáil/punann a chuireann sé/sí i láthair agus tríd an bpróiseas agallaimh féin. Tá sé tábhachtach go mbeadh an scoláire ar an eolas go dtugann an t-agallamh fíor-dheis dó/di feabhas a chur ar a c(h)uid marcanna don Tasc Scoláire a chuir sé/sí i láthair.

**Príomhcheisteanna**

- An bhfuil na codanna seo a leanas i mo thuarascáil?
    - Ainm mo Thaisc Scoláire
    - M'aidhm(eanna) Mo phlean
- Cad a fuair mé amach agus cad a chiallaíonn sé más rud é gur imscrúdú a bhí i mo Thasc Scoláire

  **Nó**
- Cad a rinne mé agus cé chomh oiriúnach is atá sé dá chuspóir más táirge a bhí i mo Thasc Scoláire

  **Nó**
- Gur cuireadh an t-imeacht ar stáitse agus an chaoi ar éirigh leis más imeacht a bhí i mo Thasc Scoláire

  **Nó**
- An gníomh a rinne mé agus cé chomh héifeachtach is a bhí sé más rud é gur gníomh a bhí i mo Thasc Scoláire

  **Nó**
- An tseirbhís a chuir mé ar fáil agus cé chomh héifeachtach is a bhí sé más seirbhís a bhí i mo Thasc Scoláire

  **Nó**
- Cad a rinne mé agus cad a cheap mé faoi más léiriú pearsanta a bhí i mo Thasc Scoláire
- An méid a cheapaim faoi mo chuid oibre ar an Tasc Scoláire
- Na cúrsaí eile a chabhraigh liom le mo Thasc Scoláire

Maidir le cur i láthair mo thuarascála/punainne

- Cé chomh néata agus tarraingteach is atá mo chur i láthair? An bhfuil gach rud ordúil agus san áit cheart?
- An féidir liom an ríomhaire a úsáid chun codanna de mo thuarascáil Tasc Scoláire a dhéanamh e.g. téacs, cairteacha etc.
- Ar scríobh mé an tuarascáil i m'fhocail féin agus nár chóipeáil mé leadhbanna ó scoláirí eile nó ó leabhair nó ón Idirlíon?
- An bhfuil mo thuarascáil furasta a léamh?
- An féidir liom aon ábhar eile a chur san áireamh chun go mbeidh sé níos éasca mo Thasc Scoláire a thuiscint?
- Ar chuir mé beagán/an iomarca isteach i mo thuarascáil agus i mo phunann? Ar choinnigh mé mo thuarascáil scartha ar mo dhialann/log/punann?
- Má bhí mé mar chuid de thasc grúpa, an bhfuair mé tuiscint mhaith ar an tasc ar fad agus an féidir liom cur síos a dhéanamh ar cad a rinne mé go háirithe?
- An féidir liom labhairt faoi obair foirne?

Ag an agallamh

- An bhfuil dóthain ar eolas agam faoi mo Thasc Scoláire chun gur féidir liom é a phlé leis an agallóir?
- An féidir liom a mhíniú cén fáth ar roghnaigh mé an smaoineamh seo do mo Thasc Scoláire? An féidir liom labhairt go compordach faoi gach cuid de mo thuarascáil? An féidir liom labhairt faoin eolas atá faighte agam?
- An féidir liom labhairt faoi na scileanna a d'úsáid mé chun an Tasc Scoláire seo a chur i gcrích?
- An féidir liom labhairt faoi athruithe ar bith a bhí le déanamh agam nó faoi fhadhbanna ar bith a bhí agam? An féidir liom athruithe ar bith a mholadh a dhéanfainn dá ndéanfainn
- an Tasc Scoláire seo arís?
- An bhfuil a fhios agam cad a d'úsáid mé ó chúrsaí eile chun cabhrú liom mo Thasc Scoláire a chur i gcrích?
- An féidir liom cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtugann an Tasc Scoláire seo a lán dá bhfuil foghlamtha agam ó chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí le chéile?
- An bhfuil aon tuairim agam conas a d'fhéadfadh an Tasc Scoláire seo cabhrú liom amach anseo?

# Tasc Machnaimh Phearsanta: Machnamh ar an bhfoghlaim - roinnt príomhcheisteanna

## Breathnú Siar

### Céard atá foghlamtha agam ón gclár go dtí seo?

- Cad atá ar eolas agam anois nach raibh roimhe?
- Cad a thuigim anois nár thuig mé cheana? Cad is féidir liom a dhéanamh anois nach bhféadfainn a dhéanamh roimhe seo?

### Cad a chabhraigh liom foghlaim?

Cé acu de na rudaí seo a chabhraigh liom foghlaim?

- An rang ina iomláine
- Baill ar leith den rang
- Na modhanna foghlama a úsáidtear sa chlár (abair na modhanna)
- Na múinteoirí/na teagascóirí
- An trealamh agus na hábhair a úsáideadh
- Taithí oibre
- Cuairteanna as an scoil
- Cuairteoirí chuig an rang
- An t-atmaisféar ginearálta
- Rud ar bith eile
- Cén bealach a raibh siad cabhrach?

### Na bealaí foghlama atá úsáideach dom

Cé mhéad de na modhanna foghlama seo a oireann dom?

- Rudaí a thriail
- Ag foghlaim ó leabhair
- Treoir a fháil ó dhaoine eile
- Ag obair go neamhspleách
- Físeáin a úsáid
- Ríomhairí a úsáid
- Áiseanna foghlama eile a úsáid

### Cén stíl foghlama is fearr liom?

- Ag obair ar bhonn pearsanta
- Ag obair i ngrúpaí beaga
- Ag obair go comhoibritheach

- A bheith in iomaíocht le daoine eile

### Cén scil phearsanta a úsáidim san fhoghlaim?

- Ag Breathnú
- Ag Éisteacht
- Ag cur de ghlanmheabhair
- Rud amháin a chur i gcomparáid le rud eile
- Nótaí a dhéanamh
- Ag Tarraingt

### Féachaint Chun Cinn

Cén dóigh ar féidir leis an méid atá faighte amach agam faoin tslí a bhfoghlaimím cabhrú liom foghlaim sa todhchaí?

## Tasc Machnaimh Phearsanta: Machnamh a dhéanamh ar an nGné Ghairme – roinnt príomhcheisteanna

Ag tús an chláir cén cineál gairme a bhí ar intinn agam?

- Cad a bhraithim anois go bhfuilim oiriúnach do?
- Cad iad na gnéithe de chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí a chabhraigh liom é seo aithint?
    - Taithí oibre
    - Fiontraíocht
    - Obair phobail
    - Ranganna Ullmhúcháin don Obair
    - Cúrsaí eile
    - Gairmthreoir
    - Múinteoirí
    - Cuairteoirí chuig ranganna
    - Turas/cuairt ranga
    - Tasc sonrach
    - Rudaí eile a rinne mé ar scoil/taobh amuigh den scoil
- Conas a chabhraigh gnéithe agus gníomhaíochtaí an chláir?
- Cad iad na suimeanna, na buanna, na scileanna agus na láidreachtaí atá aimsithe agam?
- Cad é atá mé ag súil lena dhéanamh tar éis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a chríochnú?

- Muna bhfuil tú cinnte
    - An féidir liom roinnt féidearthachtaí a liostáil?
    - Cad a chabhródh liom cinneadh a dhéanamh, dar liom?
- Cén fáth a gceapaim gur plean oiriúnach é seo domsa?
- Cad iad na céimeanna is gá dom a ghlacadh chun mo sprioc ghairme a bhaint amach nó chun a fháil amach cad ba mhaith liom a dhéanamh?
- Cad atá beartaithe agam a dhéanamh anois?
    - I rith an tsamhraidh?
    - Faoin Nollaig?
    - Ar an mbliain seo chugainn?
    - Faoi____________________?

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment